

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# L 139



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

26 Bealtaine 2023

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1027 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria ..... 1
- ★ Rialachán Tarmlichte (AE) 2023/1028 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar aerárthach atá á chumhachtú le mótaí choimpléascacha agus lena gceartaítear an Rialachán sin ..... 10
- ★ Rialachán (AE) 2023/1029 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar foismeit i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe <sup>(1)</sup> ..... 15
- ★ Rialachán (AE) 2023/1030 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál AH2, *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál IT-45 agus *Purpureocillium lilacinum* tréithchineál PL11 <sup>(1)</sup> ..... 28
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1031 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 maidir le praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnáil na feola éanlaithe clóis agus in earnáil na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe ..... 31
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1032 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2023 lena mbunaítear bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV) i gcríoch an Aontais agus ar a leathadh laistigh di agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 ..... 34
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1033 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1081 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ..... 44

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

# GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

## CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2023/1034 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2023 maidir le togra a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine a leasú, ag féachaint don 14ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe ..... 47
- ★ Cinneadh (CBES) 2023/1035 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2023 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria ..... 49
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1036 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2023 maidir le himréiteach chuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) le haghaidh na bliana airgeadais 2022 (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 3271) ..... 57
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1037 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2023 maidir le himréiteach chuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) le haghaidh na bliana airgeadais 2022 (tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023)3274) ..... 73
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1038 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2023 maidir le himréiteach chuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) le haghaidh na bliana airgeadais 2022 (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 3275) ..... 81
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1039 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2023 maidir le himréiteach chuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe maidir le fiacha a eascraíonn ó chaiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) faoin gclárthréimhse 2014-202 agus faoin gclárthréimhse 2007-2013 le haghaidh na bliana airgeadais 2022 (tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023) 3272) ..... 88

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1027 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Bealtaine 2023

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 442/2011 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 32 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 18 Eanáir 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria.
- (2) Ar bhonn athbhreithniú ar na bearta sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le beirt atá éagtha a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha agus dlíthiúla, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012. Ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le 19 duine nádúrtha atá ar an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta agus a leasú.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> IO L 16, 19.1.2012, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Bealtaine 2023

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. FORSELL

---

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 mar a leanas:

(1) i roinn 'A (Daoine)', scriostar an dá hiontráil seo a leanas:

122. Dr. Fayssal ABBAS;

161. Dr. Mohamad Zafer MOHABAK;

(2) i roinn 'A (Daoine)', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 5, 8, 12, 50, 51, 74, 107, 119, 120, 121, 192, 271, 284, 285, 290, 291, 324, 325, agus 326:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
5.	Hafiz (حافظ) MAKHLOUF (مخلوف) (ar a dtugtar freisin Hafez Makhlof)	Dáta breithe: 2.4.1971; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Pas taidhleoireachta Uimh. 014637352; Inscne: fireann	Iar-Chornal agus Ceann Aonaid sa General Intelligence Directorate, Damascus Branch tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ball de theaghlach Makhlof; col ceathrar leis an Uachtarán Bashar al-Assad.	9.5.2011
8.	Rami (رامي) MAKHLOUF (مخلوف)	Dáta breithe: 10.7.1969; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Uimhir an phas: 000098044; Uimh. eisiúna 002-03-0015187; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria a bhfuil leasanna aige in earnálacha na seirbhísí airgeadais, an iompair agus na maoine. tá leas airgeadais aige agus/nó tá poist shinsearacha agus feidhmiúcháin aige i gcisté infheistíochta Al Mashreq, Bena Properties agus Cham Holding. Tugann sé maoiniú agus tacaíocht do réimeas na Siria trína leasanna gnó. Is duine mór le rá é de theaghlach Makhlof agus tá dlúthcheangal aige le teaghlach Assad; col ceathrar an Uachtaráin Bashar al-Assad.	9.5.2011
12.	Ghazwan Rifaat Kheir BEK (ar a dtugtar freisin Ghazqan Kheir Bek)	Dáta breithe: 10.3.1961; Áit bhreithe: Al-Shamiyah, Latakia, an tSiria; Uimhir Aitheantais: 06010037444; Inscne: fireann	An t-iar-Aire Iompair i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011 (27.8.2014 a ceapadh). Bhí sé ina Ard-Stiúrthóir ar Chalafort Tartous roimhe sin. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
50.	Tarif (طاريف) AKHRAS (أخضر) (ar a dtugtar freisin Al Akhras (الأخضر))	Dáta breithe: 2.6.1951; Áit bhreithe: Homs, an tSiria; Pas Siriach dar uimhir 0000092405; Inscne: fireann	Mórdhuine ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria. Is é bunaitheoir Akhras Group é (tráchtearraí, trádáil, próiseáil agus lóistíocht) agus iar-Chathaoirleach Homs Chamber of Commerce. Dlíthchaidreamh gnó le teaghlach an Uachtaráin Bashar al-Assad. Iarchomhalta den Board of the Federation of Syrian Chambers of Commerce. Tacaíocht lóistíochta tugtha don réimeas (busanna agus iompróirí tancanna). Dá bhí sin, tá sé ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas na Siria agus as an tacaíocht a thugann sé don réimeas.	2.9.2011
51.	Issam (إسماعيل) ANBOUBA (أنبوبا)	Uachtarán Anboubá for Agricultural Industries Co.; Dáta breithe: 1952; Áit bhreithe: Homs, an tSiria; Inscne: fireann	Mórphearsa gnó atá gníomhach in earnálacha éagsúla de gheilleagar na Siria, amhail talmhaíocht, eastát réadach agus baincéireacht. Caidreamh airgeadais le hardoifigigh de chuid na Siria. Comhbhunaitheoir Cham Holding.	2.9.2011
74.	Mohammad Walid GHAZAL	Dáta breithe: 1.11.1951; Áit bhreithe: Aleppo, an tSiria; Uimhir aitheantais náisiúnta na Siria: 02020332623; Inscne: fireann	IarAire Tithíochta agus Forbartha Uirbí (27.8.2014 a ceapadh). Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
107.	Mohammad Ibrahim AL-SHA'AR	Dáta breithe: 1.10.1956; Áit bhreithe: Al-Haffah, Latakia, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Gnóthaí Baile. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach. Leas-Chathaoirleach an National Progressive Front of Syria.	1.1.2.2011
119.	Sufian (سفيان) ALLAW (علاء)	Dáta breithe: 8.2.1944; Áit bhreithe: al-Bukamal, Deir Ezzor, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Ola agus Acmhainní Mianra. Bainteach leis an réimeas agus leis an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria i gcoinne an daonra sibhialtach.	27.2.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
120.	Dr. Adnan (عدنان) SLAKHO (سلاخو)	Dáta breithe: 7.9.1955; Áit bhreithe: Al-Malihah, Rif Dimashq, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Tionscail. Iar-Aire Oideachais agus comhairleoir reatha forbartha gnó san Aireacht Riaracháin Áitiúil. Bainteach leis an réimeas agus leis an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria i gcoinne an daonra sibhialtach.	27.2.2012
121.	Dr. Saleh (صالح) AL-RASHED (الرشيد)	Dáta breithe: 1.8.1964; Áit bhreithe: Cúige Aleppo, an tSiria; Inscne: fireann	Iar-Aire Oideachais agus Ceann reatha ar an Roinn Caidreamh Idirnáisiúnta ag Dámh Caidreamh Idirnáisiúnta agus Taidhleoireachta ag Al-Sham Private University. atá comhlachaithe le réimeas na Siria agus a chur faoi chois foréigean ar an bpobal sibhialtach.	27.2.2012
192.	Hashim Anwar AL-AQQAD (ar a dtugtar freisin Aqqad Haisim, Heilim Akkad, Hashim Akkad)	Dáta breithe: 8.8.1961; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Uimhir aitheantais náisiúnta na Siria: 01020018085; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria ag a bhfuil leasanna agus/nó gníomhaíochtaí aige san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Tá leasanna aige in Anwar Akkad Sons Group (AASG) agus ina fhochuideachta United Oil, nó tá tionchar suntasach aige orthu. Is ilchuideachta é AASG a bhfuil leasanna aige in earnálacha amhail ola, gás, ceimiceáin, árachas, innealra tionsclaíoch, réadmhaoin, turasóireacht, taispeántais, conraitheoireacht, árachas agus trealamh leighis. Is comhbhunaitheoir mórchomhlacht slándála (ProGuard) é.  D'oibrigh Hashim Anwar al-Aqqad freisin mar fheisire de Pharlaimint na Siria chomh déanach céanna le 2012.  Ní bheadh rath ar Hashim Anwar Al-Aqqad i gcónaí ceal cúnaimh ón réimeas. I bhfianaise fhairsinge a ghnó agus a nasc polaitiúil leis an réimeas, tugann sé tacaíocht do réimeas na Siria agus baineann sé tairbhe as.	23.7.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
271.	Khaled AL-ZUBAIDI (ar a dtugtar freisin (Mohammed) Khaled/Khalid (Bassam) (al-) Zubaidi/Zubedi (خالد الزبيدي))	Náisiúntacht: Siriach; Seasamh: Comhúinéir Zubaidi and Qalei LLC; Stiúrthóir Agar Investment Company; Bainisteoir Ginearálta cuideachta Al Zubaidi agus Al Zubaidi & Al Tawee Contracting Company; Stiúrthóir agus Úinéir Zubaidi Development Company; comhúinéir Enjaz Investment Company; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria, le hinfheistíochtaí suntasacha sa tionscal tógála, lena n-áirítear 50 % in Zubaidi and Qalei LLC, atá ag tógáil na só-chathrach turasóireachta Grand Town agus ar dheonaigh an réimeas comhaontú 45 bliana dó ar 19-21 % dá ioncam. Tacaíonn Khaled al-Zubaidi le réimeas na Siria agus/nó baineann sé tairbhe as réimeas na Siria trína ghníomhaíochtaí gnó, go háirithe tríd an mbun seo san fhorbraíocht Grand Town.  Shínigh Khaled al-Zubaidi urraíocht (luach 350 000 USD) le club peile na Siria 'Wihda FC' trí cheann dá chuideachtaí 'Hijaz Company'. Ball de Federation of Syrian Chambers of Tourism ó 2019 i leith. Uachtarán ar chomhairle gnó na Siria-na hAilgéire.	21.1.2019
284.	Mazin AL-TARAZI (ar a dtugtar freisin مازن التريزي, Mazen al-Tarazi) (مازن التريزي)	Dáta breithe: Meán Fómhair 1962; Náisiúntacht: Siriach; Seasamh: Duine gnó; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus ag a bhfuil mórinfheistíochtaí sna hearnálacha tógála agus eitlíochta. Tacaíonn Mazin al-Tarazi le réimeas na Siria agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína chuid infheistíochtaí agus gníomhaíochtaí gnó. Go háirithe, tá margadh tugtha i gcrích ag Mazin al-Tarazi le Damascus Cham Holding le haghaidh infheistíocht USD 320 milliún i dtógáil Marota City, sófhorbraíocht chónaithe agus tráchtála dar taca an réimeas. Deonaíodh ceadúnas dó freisin le haghaidh aerlíne phríobháideach sa tSiria. I Meán Fómhair 2019, chruthaigh sé 'al-Dana Group Investments LLC', cuideachta ar fiú SYP 25 mhilliún é agus atá bainteach le honnmhairiú-allmhairiú agus le hinfheistíocht in áiseanna turasóireachta agus i gcoimpléisc tráchtála. Is comhalta é Mazin Al-Tarazi de Chomhairle Gnó na Siria-na hIaráine (SIBC) agus d'fhóin sí mar idirghabhálaí do réimeas na hIaráine chun eastát réadach a cheannach sa tSiria.	21.1.2019



	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
285.	<p>Samer FOZ</p> <p>(ar a dtugtar freisin Samir Foz/Fawz; Samer Zuhair Foz; Samer Foz bin Zuhair)</p> <p>(سامر فوز)</p>	<p>Dáta breithe: 20.5.1973;</p> <p>Áit bhreithe: Homs, an tSiria;</p> <p>Náisiúntachtaí: Siriach, Turcach;</p> <p>Uimhir Phas na Tuirce: U 09471711 (áit eisiúna: an Tuirc; dáta éaga: 21.7.2024);</p> <p>Uimhir náisiúnta na Siria: 06010274705;</p> <p>Seoladh: Seoladh: Platinum Tower, office No 2405, Jumeirah Lake Towers, Dubai, UAE;</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria ag a bhfuil leasanna agus gníomhaíochtaí aige san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Soláthraíonn Samer Foz tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile do réimeas na Siria, lena n áirítear Military Security Shield Forces sa tSiria a chistiú agus margaí gráin a shocrú. Ina theannta sin, baineann sé tairbhe airgeadais as rochtain ar dheiseanna tráchtála trí thrádáil na cruithneachta agus tionscadail atógála mar thoradh ar na naisc atá aige leis an réimeas.</p> <p>D'oscail Samer Foz monarcha scagtha siúcra ('Samer Foz Factory') in 2021 mar thaca le cuspoir réimeas na Siria an táirgeadh siúcra a mhéadú ar fud na tíre.</p>	21.1.2019
290.	<p>Waseem AL-KATTAN</p> <p>(وسيم القطان)</p> <p>(ar a dtugtar freisin Waseem, Wasseem, Wassim, Wasim; Anouar; Al-Kattan, al-Katan, al-Qattan, al-Qatan; وسيم قطان, وسيم أنوار القطان)</p>	<p>Dáta breithe: 4.3.1976;</p> <p>Náisiúntacht: Siriach;</p> <p>Uimhir Aitheantais Náisiúnta na Siria: 10090110187</p> <p>Seasamh: Uachtarán Damascus Countryside (Rural) Province Chamber of Commerce;</p> <p>Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc:</p> <p>Larosa Furniture/Furnishing; Jasmine Fields Company Ltd.; Muruj Cham (Murooj al-Cham) Investment and Tourism Group; Adam and Investment LLC; Universal Market Company LLC; Cisteoir Federation of Syrian Chambers of Commerce;</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria, atá ag baint tairbhe as an réimeas agus atá ag tacú leis. Úinéir gnólachtaí éagsúla agus cuideachtaí sealbhaíochta a bhfuil leasanna agus gníomhaíochtaí acu in earnálacha eacnamaíochta éagsúla amhail réadmhaoín, tionscal na n-óstán sóúla agus ionaid tráchtála. Rinne Waseem al-Kattan dul chun cinn tapa mar mhórdhuine ghnó trí chánacha a ghearradh ar earraí a smuigleáladh isteach in Oirthear Ghouta a bhí faoi léigear agus tá baint aige anois le cineálacha cliantachais atá chun sochair don réimeas. Baineann Waseem al-Kattan tairbhe airgeadais as rochtain fhabhrach ar thairiscintí poiblí agus ar cheadúnais agus ar chonarthaí arna ndámhachtain ag gníomhaireachtaí rialtais mar thoradh ar na dlúthnaisc atá aige leis an réimeas.</p> <p>In 2020, toghadh Al-Kattan ina chomhalta de Damascus Chamber of Commerce. I mí na Samhna 2021, cheap Rialtas na Siria Al-Kattan ina rúnaí ar Federation of Syrian chambers of commerce, d'ainneoin gur cailleadh na toghcháin. In 2022, ceapadh Al-Kattan ina Chathaoirleach ar Chomhairle Gnó na Siria-Óman.</p>	17.2.2020

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
291.	Amer FOZ (ar a dtugtar freisin Amer Zuhair Fawz) (عامر فوز)	Dáta breithe: 11.3.1976; Áit bhreithe: Homs, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; San Críostóir-Nimheas; Uimh. Náisiúnta: 06010274747; Pasuimhir: 002-14-L169340 Cárta cónaithe UAE: 784 1976 7135283 5 Seasamh: Bunaitheoir District 6 Company; Comhpháirtí bunaitheora Easy life Company; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Samer Foz; Leas-Chathaoirleach Asas Steel Company; Aman Holding; Inscne: fireann	Duine mór gnó a bhíonn i mbun leasanna agus gníomhaíochtaí pearsanta agus teaghlaigh i gcúrsaí gnó san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Baineann sé tairbhe airgeadais as rochtain ar dheiseanna tráchtála agus tacaíonn sé le réimeas na Siria. Tá baint aige freisin lena dheartháir Samer Foz, arna ainmniú ag an gComhairle ó Eanáir 2019 mar phríomhphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, de bharr na tacaíochta a thugann sé don réimeas agus de bharr na tairbhe a bhaineann sé as. In éineacht lena dheartháir, cuireann sé roinnt tionscadal tráchtála chun feidhme, go háirithe i gceantar Adra al-Ummaliyya (bruachbhailte na Damaisce). I measc na dtionscadal sin, tá monarcha a mhonaraíonn cáblaí agus gabhálaís chábla chomh maith le tionscadal chun leictreachas a tháirgeadh ag baint úsáid as cumhacht na gréine. Ina theannta sin, bhí siad i mbun gníomhaíochtaí éagsúla le ISIL (Da'esh) thar ceann réimeas Assad, lena n-áirítear airm agus armlón a sholáthar mar mhalairt ar chruithneacht agus ola.	17.2.2020
324.	Ahmed KHALIL KHALIL (ar a dtugtar freisin Ahmed KHALIL, Ahmad Khalil Khalil) (احمد خليل خليل)	Dáta breithe: 1969; Áit bhreithe: Qayrun; Inscne: fireann	Is é Ahmed Khalil Khalil comhúinéir Sanad Protection and Security Services, cuideachta slándála príobháidí Siriach a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group sa tSiria, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás agus láithreáin ola a dhaingniú) sa tSiria. Le saothrú acmhainní nádúrtha, soláthraítear ioncam do réimeas na Siria. Ina theannta sin, tá an chuideachta gníomhach in earcú amhas de chuid na Siria le cur chuig an Líbia agus chuig an Úcráin. Sa chás sin, tacaíonn Ahmed Khalil Khalil le réimeas na Siria agus baineann sé tairbhe as.	21.7.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
325.	Nasser Deeb DEEB (ar a dtugtar freisin Nasser Dhib, Nasser Dib, Nasser Deeb) (ناصر ديب)	Dáta breithe: 21.2.1974; Áit bhreithe: Baniyas, Tartus, an tSiria; Uimhir aitheantais náisiúnta na Siria: 10090110187; Inscne: fireann	Is é Nasser Deeb Deeb comhúinéir Sanad Protection and Security Services, cuideachta slándála príobháidí Siriach a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás agus láithreáin ola a dhaingniú) sa tSiria. Le saothrú acmhainní nádúrtha, soláthraítear ioncam do réimeas na Siria. Ina theannta sin, is é comhúinéir na cuideachta Ella Services é in éineacht le Khodr Ali Taher. Sa cháil sin, tacaíonn Nasser Deeb Deeb le réimeas na tSiria agus baineann sé tairbhe as.	21.7.2022
326.	Issam SHAMMOUT (ar a dtugtar freisin Mohammed Issam Shammout, Mohamed Essam Shammout, Muhammad Issam Shammout, Muhammad Essam Shammout) (محمد عصام شموط)	Dáta breithe: 26.8.1971 Áit bhreithe: 232, Tanzeem Kafarsus, an Damaisc, an tSiria Inscne: fireann	Is é Issam Shammout úinéir agus cathaoirleach bhord stiúrthóirí na haerlíne 'Cham Wings' agus ceannaire an Shammout Group, atá gníomhach sna hearnálacha gluaisteán, cruach, eitleochta, seolta lasta, tógála, agus eastáit réadaigh. Sa cháil sin, is fear mór gnó é Issam Shammout atá ag feidhmiú sa tSiria.	21.7.2022

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1028 ÓN gCOIMISIÚN****an 20 Márta 2023****lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar aerárthach atá á chumhachtú le mótar choimpléascacha agus lena gceartaítear an Rialachán sin**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 19(1) agus Airteagal 62(13) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> na ceanglais maidir le deimhniúchán aeracmhainneachta agus deimhniúchán comhshaoil do tháirgí, páirteanna agus fearais aerárthaí sibhialta, amhail innill, láin agus páirteanna atá le suiteáil iontu, chun críocha Rialachán (AE) 2018/1139.
- (2) Le hAirteagal 140(2) de Rialachán (AE) 2018/1139, na rialacha cur chun feidhme arna nglacadh ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>, éilítear go gcuirfí iad in oiriúint do Rialachán (AE) 2018/1139 tráth nach déanaí ná an 12 Meán Fómhair 2023. Dá bhrí sin ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a leasú chun an sainmhíniú ar “aerárthach atá á chumhachtú le mótar coimpléascach” a thabhairt isteach.
- (3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1358 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup> leasaíodh Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 chun na tagairtí d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a thabhairt cothrom le dáta. Luadh go neamhbheartaithe in Airteagal 1, pointe (5), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1358 go gcuirtear in ionad mhíreanna 3 agus 4 d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 é. Go deimhin, ba cheart é a chur in ionad mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal sin. Ba cheart Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a ionadú ina iomláine anois chun mearbhall a sheachaint.
- (4) Luadh go neamhbheartaithe in Airteagal 1, pointe (6), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1358 go gcuirtear in ionad mhír 3 d'Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 é. Go deimhin, meastar go bhfuil Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 tábhachtach d'fheidhmiú ceart Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 agus ba cheart é a choinneáil. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 8(3) bunaidh a thabhairt isteach arís mar mhír 6 nua.

<sup>(1)</sup> IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh deimhniúchán aeracmhainneachta agus deimhniúchán comhshaoil d'aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, páirteanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniúchán d'eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena n-aisghairtear Treoir 91/670/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1592/2002 agus Treoir 2004/36/CE (IO L 79, 19.3.2008, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1358 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le ceanglais níos comhréirí a chur chun feidhme maidir le haerárthaí a úsáidtear don eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire (IO L 205, 5.8.2022, lch. 7).

- (5) Luadh go neamhbheartaithe in Airteagal 1, pointe (8), de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2022/1358 go gcuirtear in ionad mhíreanna 2 agus 3 d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 é. Go deimhin, meastar go bhfuil na forálacha sin tábhachtach d'fheidhmiú ceart Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 agus ba cheart iad a choinneáil. Ba cheart Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a ionadú ina iomláine anois chun mearbhall a sheachaint.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a leasú agus a cheartú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

In Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, cuirtear an pointe (ha) seo a leanas isteach:

“(ha) ciallaíonn ‘aerárthach atá á chumhachtú le mótar coimpléascach’:

- (i) eitleán:
- a bhfuil uasmhais dheimhnithe éirí de thalamh aige a sháraíonn 5 700 kg, nó
  - atá deimhnithe d’uaschumraíocht suí do phaisinéirí is mó ná naoi suíochán déag, nó
  - atá deimhnithe chun oibriú le foireann de bheirt phiólótaí ar a laghad, nó
  - atá feistithe le hinneall turbascairde nó le hinnill turbascairde nó le níos mó ná inneall turba-liáin amháin, nó
- (ii) héilecaptar atá deimhnithe:
- d’uasmhais éirí de thalamh a sháraíonn 3 175 kg, nó
  - d’uaschumraíocht suí do phaisinéirí is mó ná naoi suíochán, nó
  - chun oibriú le foireann de bheirt phiólótaí ar a laghad, nó
- (iii) aerárthach claonrótair.”.

#### *Airteagal 2*

Ceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

“*Airteagal 3*

#### **Bailíocht leanúnach deimhnithe cineáil agus deimhnithe aeracmhainneachta gaolmhara**

1. Maidir le táirgí ag a raibh deimhniú cineáil, nó doiciméad lena gceadaítear deimhniú aeracmhainneachta a eisiúint, a d’eisigh Ballstát roimh an 28 Meán Fómhair 2003, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) measfar deimhniú cineáil a eisítear i gcomhréir leis an Rialachán seo a bheith ag an táirge sna cásanna seo a leanas:
- (i) ba é an bonn deimhniúcháin cineáil:
- bonn deimhniúcháin cineáil JAA, le haghaidh táirgí arna ndeimhniú faoi nósanna imeachta JAA, mar a shainítear ina mbileog sonraí JAA, nó
  - le haghaidh táirgí eile, an bonn deimhniúcháin cineáil a shainítear i mbileog sonraí stát a ndeartha maidir le deimhniú cineáil, más fíor an méid seo a leanas faoi Stát sin a ndeartha:
  - gur Ballstát a bhí ann, seachas má chinnfidh an Ghníomhaireacht, agus na sonraíochtaí deimhniúcháin agus an taithí sheirbhíse á gcur san áireamh, go háirithe, nach ndéanann bonn deimhniúcháin cineáil den sórt sin foráil maidir le leibhéal sábháilteachta atá coibhéiseach leis an leibhéal a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis an Rialachán seo, nó

- gur stát é lenar thug Ballstát comhaontú aeracmhainneachta déthaobhach nó socrú den sórt céanna i gcrích faoinar deimhníodh na táirgí sin ar bhonn shonraíochtaí deimhniúcháin stát sin a ndeartha, seachas má chinnfidh an Ghníomhaireacht nach ndéanann na sonraíochtaí deimhniúcháin sin nó an taithí sheirbhíse sin nó córas sábháilteachta stát sin a ndeartha, foráil maidir le leibhéal sábháilteachta atá coibhéiseach leis an leibhéal a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis an Rialachán seo.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht an chéad mheastóireacht ar impleacht na bhforálacha sa dara fleasc d'fhonn tuairim a thabhairt don Choimisiún, lena n-áirítear leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán seo;

- (ii) ba iad na ceanglais cosanta comhshaoil na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn 16 de Choinbhinsiún Chicago, ab infheidhme maidir leis an táirge;
  - (iii) ba iad na treoracha aeracmhainneachta ab infheidhme treoracha stát sin a dheartha.
- (b) dearadh aerárthaí aonair, a bhí ar chlár Ballstáit roimh an 28 Meán Fómhair 2003, measfar gur formheasadh é i gcomhréir leis an Rialachán seo sa chás seo a leanas:
- (i) ba chuid de dheimhniú cineáil dá dtagraítear i bpointe (a) a dhearadh bunchineáil;
  - (ii) formheasadh gach athrú ar an dearadh bunchineáil sin, nach raibh faoi fhreagracht shealbhóir an deimhniúcháin cineáil; agus
  - (iii) comhlíonadh na treoracha aeracmhainneachta a d'eisigh nó a ghlac Ballstát an chláraithe roimh an 28 Meán Fómhair 2003, lena n-áirítear aon athrú ar threoracha aeracmhainneachta stát a dheartha a chomhaontaigh Ballstáit an chláraithe.

2. Maidir le táirgí a raibh próiseas deimhniúcháin cineáil ina leith ag dul trí JAA nó trí Bhallstát an 28 Meán Fómhair 2003, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- (a) má tá táirge á dheimhniú ag roinnt Ballstát, úsáidfean an tionscadal ag a bhfuil an dul chun cinn is mó déanta mar thagairt;
- (b) ní bheidh feidhm ag pointí 21.A.15(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21);
- (c) de mhaolú ar phointe 21.B.80 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21), is é an bonn deimhniúcháin cineáil an bonn arna bhunú ag JAA nó, i gcás inarb infheidhme, ag an mBallstát ar dháta an iarratais ar an bhformheas;
- (d) torthaí maidir le comhlíonadh a rinneadh faoi nósanna imeachta JAA nó faoi nósanna imeachta Ballstáit, measfar go ndearna an Ghníomhaireacht iad chun críocha pointí 21.A.20(a) agus (d) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a chomhlíonadh.

3. Maidir le táirgí ag a bhfuil deimhniú náisiúnta cineáil, nó a choibhéis, agus nach ndearnadh an próiseas formheasa maidir le hathrú arna dhéanamh ag Ballstát a thabhairt chun críche ina leith tráth ba ghá an deimhniúcháin cineáil a fhorghnó i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

- (a) má tá próiseas formheasa á dhéanamh ag roinnt Ballstát, úsáidfean an próiseas ag a bhfuil an dul chun cinn is mó déanta mar thagairt;
- (b) ní bheidh feidhm ag pointe 21.A.93 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21);
- (c) is é an bonn deimhniúcháin cineáil atá leagtha síos ag JAA nó, i gcás inarb infheidhme, ag an mBallstát ar dháta an iarratais ar an athrú a fhorghnó an bonn deimhniúcháin cineáil is infheidhme;
- (d) torthaí maidir le comhlíonadh a rinneadh faoi nósanna imeachta JAA nó faoi nósanna imeachta Ballstáit, measfar go ndearna an Ghníomhaireacht iad chun críocha pointe 21.B.107 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a chomhlíonadh.

4. Maidir le táirgí ag a raibh deimhniú náisiúnta cineáil, nó a choibhéis, agus nach ndearnadh an próiseas formheasa maidir le dearadh mórdheisiúcháin arna dhéanamh ag Ballstáit a thabhairt chun críche ina leith tráth ba ghá an deimhniúcháin cineáil a chinneadh i gcomhréir leis an Rialachán seo, torthaí maidir le comhlíonadh a rinneadh faoi nósanna imeachta JAA nó faoi nósanna imeachta Ballstáit, measfar go ndearna an Ghníomhaireacht iad chun pointe 21.A.433(a) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a chomhlíonadh.

5. Deimhniú aeracmhainneachta arna eisiúint ag Ballstát lena bhfianáítear comhréireacht le deimhniú cineáil a cinneadh i gcomhréir le mír 1, measfar go gcomhlíonann sé an Rialachán seo.”;

(2) in Airteagal 8, cuirtear mír 6 seo a leanas leis:

“6. Formheasanna eagraíochta deartha arna n-eisiúint nó arna n-aithint ag Ballstát i gcomhréir le ceanglais agus nósanna imeachta JAA agus a bhí bailí roimh an 28 Meán Fómhair 2003, measfar go gcomhlíonann siad an Rialachán seo.”;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

“Airteagal 9

### Eagraíochtaí táirgthe

1. Déanfaidh eagraíocht atá freagrach as monarú táirgí, páirteanna agus fearas a cumas a léiriú i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn I (Cuid 21). Ní gá an léiriú cumais sin i gcás na bpáirteanna nó na bhfearas a mhonaraíonn eagraíocht atá incháilithe, i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn I (Cuid 21), lena suiteáil i dtáirge cineál-dheimhnithe gan gá deimhniú údaraithe um scaoileadh (i.e. Foirm 1 de chuid EASA) a bheith ag gabháil leis.

2. De mhaolú ar phointe 1, féadfaidh monaróir a bhfuil a phríomháit ghnó i stát nach Ballstát é a cumas a léiriú trí dheimhniú arna eisiúint ag an stát sin a bheith aici don táirge, don pháirt agus don fhearas a bhfuil feidhm aige maidir leis, ar choinníoll:

(a) gurb é an stát sin an stát inar monaraíodh é; agus

(b) gur chinn an Ghníomhaireacht go n-áirítear i gcóras an stáit sin an leibhéal neamhspleách céanna chun seiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh dá bhforáiltear sa Rialachán seo, trí chóras coibhéiseach formheasanna eagraíochtaí nó trí rannpháirtíocht dhíreach údarás inniúil an stáit sin.

3. Formheasanna eagraíochta táirgthe arna n-eisiúint nó arna n-aithint ag Ballstát i gcomhréir le ceanglais agus nósanna imeachta JAA agus a bhí bailí roimh an 28 Meán Fómhair 2003, measfar go gcomhlíonann siad an Rialachán seo.

4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an eagraíocht táirgthe iarratas ar dhíolúintí ó na ceanglais cosanta comhshaoil dá dtagraítear sa chéad fhomhír d’Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2018/1139 a chur faoi bhráid an údaráis inniúil.

5. De mhaolú ar phointí 21.B.225(d)(1) agus (2) d’Iarscríbhinn I (Cuid 21), féadfaidh eagraíocht táirgthe ag a bhfuil deimhniú bailí formheasa a eisíodh i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) aon neamhchomhlíontacht a fuarthas a bhaineann le ceanglais Iarscríbhinn I a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 ón gCoimisiún (\*) a cheartú go dtí an 7 Márta 2025.

I gcás nach mbeidh clabhsúr curtha faoin 7 Márta 2025 ag an eagraíocht ar an neamhchomhlíontacht sin a fuarthas, déanfar an deimhniú formheasa a chúlghairm, a theorannú nó a chur ar fionraí ina iomláine nó go páirteach.

6. De mhaolú ar phointe 21.A.125C(a)(1) d’Iarscríbhinn I (Cuid 21), ní bheidh sé de cheangal ar eagraíocht a tháirgeann táirgí, páirteanna nó fearas gan deimhniú formheasa agus ag a bhfuil litir chomhaontaithe bhailí a eisíodh an 7 Márta 2023 nó roimhe i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) ceanglais ábhartha Iarscríbhinn I a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 a chomhlíonadh.

7. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, maidir le duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil a phríomháit ghnó i mBallstát agus atá freagrach as monarú táirgí agus a bpáirteanna agus a bhfearas i gcomhréir le hAirteagal 2(2), féadfaidh sé, de rogha air sin, a chumas a léiriú i gcomhréir le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Eadrom).

8. Ní cheanglófar léiriú ar chumas de bhun mhíreanna 1 nó 2 i gcás ina mbeidh baint ag an eagraíocht táirgthe nó ag an duine nádúrtha nó dlítheanach leis na gníomhaíochtaí monaraíochta seo a leanas:
- (a) monarú páirteanna nó fearas atá incháilithe, i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21), lena suiteáil i dtáirge cineál-dheimhniithe gan gá deimhniú údaraithe um scaoileadh a bheith ag gabháil leis (is é sin Foirm 1 EASA);
  - (b) monarú páirteanna atá incháilithe, i gcomhréir le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom), lena suiteáil in aerárthach a bhí faoi réir dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh gan gá deimhniú údaraithe um scaoileadh a bheith ag gabháil leis (is é sin Foirm 1 EASA);
  - (c) monarú aerárthaigh a bhí faoi réir dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh dá dtagraítear in Airteagal 2(3), agus monarú páirteanna atá incháilithe lena suiteáil san aerárthach sin. I gcás den chineál sin, is i gcomhréir le Roinn A, Fochuid R, d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom) a dhéanfaidh eagraíocht táirgthe nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil a phríomháit ghnó i mBallstát na gníomhaíochtaí monaraíochta.

(\*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le córais bhainistíochta agus córais tuairiscithe tarluithe atá le bunú ag eagraíochtaí deartha agus táirgthe, agus le nósanna imeachta a gcuireann an Ghníomhaireacht i bhfeidhm iad, agus lena gceartaítear an Rialachán sin (IO L 33, 15.2.2022, lch. 7)."

### Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 25 Lúnasa 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Márta 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN



**RIALACHÁN (AE) 2023/1029 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 25 Bealtaine 2023**

**lena leasaítear Iarscríbhinní III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar foismit i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), agus Airteagal 18(1), pointe (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás foismit, leagadh síos uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn III, Cuid A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (2) I gcás foismit agus i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 <sup>(2)</sup>, chuir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim réasúnaithe isteach maidir leis an athbhreithniú ar na MRLanna atá ann cheana. Mhol sé an sainmhíniú ar iarmhar a athrú, chun críoch forfheidhmithe, ó 'foismit agus foismit-ocsón arna sloinneadh mar fhosmit' go dtí 'foismit'. Measann an Coimisiún gurb iomchuí an sainmhíniú nua sin ar iarmhar i gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (3) Sa tuairim réasúnaithe uaidh maidir leis an athbhreithniú ar na MRLanna atá ann cheana i gcás foismit i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, shainaithe an tÚdarás riosca do thomhaltóirí a bhaineann leis na MRLanna le haghaidh seadóg, oráistí, líomóidí, líomaí, mandairíní, cnónna cócó, úll, piorraí, cainchí, torthaí ón meispeal Gearmánach, locuatanna, aibreog, péitseog, fionchaora boird, fíniúna coiteanna, fraocháin ghorma, monóg, cumcuat agus prátaí. Ina theannta sin, i gcomhthéacs cinneadh maidir le neamh-athnuachan ar fhorhneas na substainte gníomhaí foismit <sup>(3)</sup>, d'fhoilsigh an tÚdarás conclúid <sup>(4)</sup>maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsustaint ghníomhach foismit ina mínítear nárbh fhéidir an measúnú riosca iomlán do thomhaltóirí i gcás foismit a thabhairt chun críche mar bhí na sonraí ina n-áirítear próifíl thocsaineolaíoch agus acmhainneacht ghéineatocsaineachta na meitibilíte foismit-ocsón neamhiomlán. I bhfianaise na mbearnaí sonraí, níorbh fhéidir leis an Údarás iarmhairtí díobhálacha ar shláinte an duine a chur as an áireamh leis na MRLanna atá ann cheana i gcás foismit sna táirgí uile. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir aon cheann de na MRLanna atá ann cheana i gcás foismit a dheimhniú a bheith sábháilte do thomhaltóirí, lena n-áirítear na MRLanna sin atá bunaithe ar uasteorainneacha iarmhar Codex (CXLanna). Na MRLanna i gcás foismit i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1) pointe (a) de. Ba cheart na MRLanna i gcás foismit sna táirgí uile a leagan síos ag na teorannacha cinnidh ('LODanna'), teorannacha atá sonrach le haghaidh gach táirge agus sábháilte le haghaidh tomhaltóirí, ar cheart iad a leagan síos in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1), pointe (b) den Rialachán sin.

<sup>(1)</sup> IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

<sup>(2)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned Opinion on the review of the existing maximum residue levels for phosmet according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás foismit de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(7):7448.

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/94 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 maidir le neamh-athnuachan ar fhorhneas na substainte gníomhaí foismit, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 16, 25.1.2022, lch. 33).

<sup>(4)</sup> An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance phosmet* [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsustaint ghníomhach foismit] (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(3):6237).

- (4) Ina theannta sin, shainnadh an tÚdarás agus Ballstát nach soláthraítear leibhéal leordhóthanach cosanta do thomhaltóirí leis an luach réamhshocraithe de 0,01\* mg/kg le haghaidh oráistí, prátaí, úll, piorraí, anann, mealbhacán, mealbhacáin uisce, fréamhacha biatas siúcra, agus bainne (eallaigh). Dá bhrí sin, ba cheart na LODanna le haghaidh na dtáirgí seo a leagan síos ag 0,005\* mg/kg, leibhéal atá níos ísle agus is féidir a bhaint amach agus atá sábháilte do thomhaltóirí.
- (5) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá le LODanna áirithe a oiriúnú. Mhol na saotharlanna sin LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.
- (6) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.
- (8) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna nua ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a oiriúnú do na ceanglais nua a thagann as an modhnú ar na MRLanna.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

#### *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 15 Meán Fómhair 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

- (1) i gCuid A d'Iarscríbhinn III, scriostar an colún le haghaidh foismeit;
- (2) in Iarscríbhinn V, cuirtear isteach an colún seo a leanas le haghaidh foismeit:

**Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)**

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo <sup>(1)</sup>	Foismeit
(1)	(2)	(3)
0100000	<b>TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN</b>	
0110000	<b>Torthaí citris</b>	
0110010	Seadóga	<b>0,01</b> (*)
0110020	Oráistí	<b>0,005</b> (*)
0110030	Líomóidí	<b>0,01</b> (*)
0110040	Líomaí	<b>0,01</b> (*)
0110050	Mandairíní	<b>0,01</b> (*)
0110990	Eile (2)	<b>0,01</b> (*)
0120000	<b>Cnónna crann</b>	<b>0,01</b> (*)
0120010	Almóinní	
0120020	Cnónna Brasaíleacha	
0120030	Cnónna caisiú	
0120040	Castáin	
0120050	Cnónna cócó	
0120060	Cnónna coill	
0120070	Macadaimia	
0120080	Cnónna peacáin	
0120090	Eithní cnónna péine	
0120100	Cnónna pistéise	
0120110	Gallchnónna	
0120990	Eile (2)	
0130000	<b>Torthaí póma</b>	
0130010	Úlla	<b>0,005</b> (*)
0130020	Piorraí	<b>0,005</b> (*)
0130030	Cainchí	<b>0,01</b> (*)
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach	<b>0,01</b> (*)
0130050	Locuatanna	<b>0,01</b> (*)
0130990	Eile (2)	<b>0,01</b> (*)

(1)	(2)	(3)
0140000	<b>Torthaí cloiche</b>	<b>0,01 (*)</b>
0140010	Aibreoga	
0140020	Sílíní (iad milis)	
0140030	Péitseoga	
0140040	Plumaí	
0140990	Eile (2)	
0150000	<b>Caora agus torthaí beaga</b>	<b>0,01 (*)</b>
0151000	(a) <b>fíonchaora</b>	
0151010	Fíonchaora boird	
0151020	Fíniúnacha coiteanna	
0152000	(b) <b>sútha talún</b>	
0153000	(c) <b>torthaí cána</b>	
0153010	Sméara dubha	
0153020	Eithreoga	
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)	
0153990	Eile (2)	
0154000	(d) <b>torthaí beaga eile agus caora eile</b>	
0154010	Fraocháin	
0154020	Mónóga	
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	
0154050	Mogóirí róis	
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	
0154080	Caora troim	
0154990	Eile (2)	
0160000	<b>Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil</b>	
0161000	(a) <b>craiceann inite</b>	<b>0,01 (*)</b>
0161010	Dátaí	
0161020	Figí	
0161030	Ológa boird	
0161040	Cumcuait	
0161050	Torthaí réaltúla	
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	
0161070	Plumaí láva	
0161990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
0162000	<b>(b) craiceann do-ite, é beag</b>	<b>0,01 (*)</b>
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)	
0162020	Lítsíonna	
0162030	Páiseoga	
0162040	Piorraí deilgneacha	
0162050	Réalt-úlla	
0162060	Dátphlumáí Meiriceánacha	
0162990	Eile (2)	
0163000	<b>(c) craiceann do-ite, é mór</b>	
0163010	Abhacáid	<b>0,01 (*)</b>
0163020	Bananaí	<b>0,01 (*)</b>
0163030	Mangónna	<b>0,01 (*)</b>
0163040	Papánna	<b>0,01 (*)</b>
0163050	Pomagránaití	<b>0,01 (*)</b>
0163060	Céiriomoighe	<b>0,01 (*)</b>
0163070	Guábhaí	<b>0,01 (*)</b>
0163080	Anainn	<b>0,005 (*)</b>
0163090	Torthaí aráin	<b>0,01 (*)</b>
0163100	Duraígh	<b>0,01 (*)</b>
0163110	Úlla deilgneacha	<b>0,01 (*)</b>
0163990	Eile (2)	<b>0,01 (*)</b>
0200000	<b>GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE</b>	
0210000	<b>Glasraí fréimhe agus tiúbair</b>	
0211000	<b>(a) prátaí</b>	<b>0,005 (*)</b>
0212000	<b>(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha</b>	<b>0,01 (*)</b>
0212010	Casabhaigh	
0212020	Prátaí milse	
0212030	Ionaim	
0212040	Ararút	
0212990	Eile (2)	
0213000	<b>(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas síúcra</b>	<b>0,01 (*)</b>
0213010	Meacain bhíatais	
0213020	Meacain dhearga	
0213030	Soiliriac/soilire tornapa	
0213040	Meacain ragaim	
0213050	Bliosáin ghréine	
0213060	Meacain bhána	

(1)	(2)	(3)
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	
0213080	Raidisí	
0213090	Salsabh	
0213100	Svaeideanna	
0213110	Tornapaí	
0213990	Eile (2)	
0220000	<b>Glasraí bleibíní</b>	<b>0,01 (*)</b>
0220010	Gairleog	
0220020	Oinniúin	
0220030	Seallóidí	
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil	
0220990	Eile (2)	
0230000	<b>Glasraí a thugann torthaí</b>	
0231000	(a) <b>Solanaceae agus Malvaceae</b>	<b>0,01 (*)</b>
0231010	Trátaí	
0231020	Piobair	
0231030	Ubhthorthaí	
0231040	Ocra	
0231990	Eile (2)	
0232000	(b) <b>guird a bhfuil craiceann inite acu</b>	<b>0,01 (*)</b>
0232010	Cúcamair	
0232020	Gircíní	
0232030	Cúirséid	
0232990	Eile (2)	
0233000	(c) <b>guird a bhfuil craiceann do-ite acu</b>	
0233010	Mealbhacáin	<b>0,005 (*)</b>
0233020	Puimcíní	<b>0,01 (*)</b>
0233030	Mealbhacáin uisce	<b>0,005 (*)</b>
0233990	Eile (2)	<b>0,01 (*)</b>
0234000	(d) <b>arbhar milis</b>	<b>0,01 (*)</b>
0239000	(e) <b>glasraí eile a thugann torthaí</b>	<b>0,01 (*)</b>
0240000	<b>Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)</b>	<b>0,01 (*)</b>
0241000	(a) <b>praiseach bhlátha</b>	
0241010	Brocaílí	
0241020	Cóilis	
0241990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
0242000	<b>(b) praiseach chinn</b>	
0242010	Bachlóga Bruiséile	
0242020	Cabáistí cinn	
0242990	Eile (2)	
0243000	<b>(c) praiseach dhuilleach</b>	
0243010	Cabáistí Síneacha	
0243020	Cáil	
0243990	Eile (2)	
0244000	<b>(d) cálráibí</b>	
0250000	<b>Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite</b>	
0251000	<b>(a) leitísí agus plandaí sailéid</b>	<b>0,01 (*)</b>
0251010	Ceathrúna uain	
0251020	Leitísí	
0251030	Searbháin muc	
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile	
0251050	Biolair thalún	
0251060	Roicéad Rómánach/rucola	
0251070	Mustard dearg	
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	
0251990	Eile (2)	
0252000	<b>(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla</b>	<b>0,01 (*)</b>
0252010	Spionáistí	
0252020	Puirsleáin	
0252030	Seardas/duilleoga biatais	
0252990	Eile (2)	
0253000	<b>(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla</b>	<b>0,01 (*)</b>
0254000	<b>(d) biolair uisce</b>	<b>0,01 (*)</b>
0255000	<b>(e) sreabháin na Beilge</b>	<b>0,01 (*)</b>
0256000	<b>(f) luibheanna agus bláthanna inite</b>	<b>0,02 (*)</b>
0256010	Costóg	
0256020	Síobhas	
0256030	Duilleoga soilire	
0256040	Peirsil	
0256050	Sáiste	
0256060	Marós	
0256070	Tím	
0256080	Basal agus bláthanna inite	

(1)	(2)	(3)
0256090	Duilleog labhrais	
0256100	Dragan	
0256990	Eile (2)	
0260000	<b>Léagúim</b>	<b>0,01 (*)</b>
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)	
0260020	Pónairí (gan faighneoga)	
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)	
0260040	Piseanna (gan faighneoga)	
0260050	Lintilí	
0260990	Eile (2)	
0270000	<b>Glasraí gais</b>	<b>0,01 (*)</b>
0270010	Lus súgach	
0270020	Cardúin	
0270030	Soilirí	
0270040	Finéal Fhlórans	
0270050	Bliosáin chruinne	
0270060	Cainneanna	
0270070	Biabhóg	
0270080	Péacáin bhambú	
0270090	Croíthe pailme	
0270990	Eile (2)	
0280000	<b>Fungais, caonaigh agus léicin</b>	<b>0,01 (*)</b>
0280010	Fungais shaothraithe	
0280020	Fungais fhiáine	
0280990	Caonaigh agus léicin	
0290000	<b>Algaí agus orgánaigh phrócaróit</b>	<b>0,01 (*)</b>
0300000	<b>PISEÁNAIGH</b>	<b>0,01 (*)</b>
0300010	Pónairí	
0300020	Lintilí	
0300030	Piseanna	
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní	
0300990	Eile (2)	
0400000	<b>OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ</b>	<b>0,01 (*)</b>
0401000	<b>Olashíolta</b>	
0401010	Ros lín	
0401020	Piseanna talún	
0401030	Síolta poipín	
0401040	Síolta seasamain	



(1)	(2)	(3)
0401050	Síolta lus na gréine	
0401060	Síolta ráibe	
0401070	Pónairí soighe	
0401080	Síolta mustaird	
0401090	Síolta cadáis	
0401100	Síolta puimcín	
0401110	Síolta cróch bréige	
0401120	Síolta borraíste	
0401130	Caimilín	
0401140	Síolta cnáibe	
0401150	Pónairí ricne	
0401990	Eile (2)	
0402000	<b>Olathorthaí</b>	
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola	
0402020	Eithní pailme ola	
0402030	Torthaí pailme oila	
0402040	Capac	
0402990	Eile (2)	
0500000	<b>GRÁNAIGH</b>	<b>0,01 (*)</b>
0500010	Eorna	
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile	
0500030	Arbhar Indiach/arbhar	
0500040	Muiléad coiteann	
0500050	Coirce	
0500060	Rís	
0500070	Seagal	
0500080	Sorgam	
0500090	Cruithneacht	
0500990	Eile (2)	
0600000	<b>TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB</b>	
0610000	<b>Taenna</b>	<b>0,01 (*)</b>
0620000	<b>Pónairí caife</b>	<b>0,05 (*)</b>
0630000	<b>Insiltí luibhe ó</b>	<b>0,05 (*)</b>
0631000	(a) <b>bláthanna</b>	
0631010	Camán meall	
0631020	Roiseog	
0631030	Rós	

(1)	(2)	(3)
0631040	Seasmain	
0631050	Teile	
0631990	Eile (2)	
0632000	<b>(b) duilleoga agus luibheanna</b>	
0632010	Sú talún	
0632020	Rooibos	
0632030	Maité	
0632990	Eile (2)	
0633000	<b>(c) fréamhacha</b>	
0633010	Caorthann corraigh	
0633020	Ginsing	
0633990	Eile (2)	
0639000	<b>(d) aon chuid eile den phlanda</b>	
0640000	<b>Pónairí cócó</b>	<b>0,05 (*)</b>
0650000	<b>Carúib</b>	<b>0,05 (*)</b>
0700000	<b>LEANNLUSANNA</b>	<b>0,05 (*)</b>
0800000	<b>SPÍOSRAÍ</b>	
0810000	<b>Spíosraí ó shíolta</b>	<b>0,05 (*)</b>
0810010	Ainís	
0810020	Calaindí	
0810030	Soilire	
0810040	Lus an choiré	
0810050	Cuimín	
0810060	Lus mín	
0810070	Finéal	
0810080	Feinigréag	
0810090	Noitmig	
0810990	Eile (2)	
0820000	<b>Spíosraí ó thorthaí</b>	<b>0,05 (*)</b>
0820010	Ílspíosra/pimeantó	
0820020	Piobar Szechuan	
0820030	Cearbhas	
0820040	Cardamam	
0820050	Caor aitul	
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)	
0820070	Fanaile	
0820080	Tamarain	
0820990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
0830000	<b>Spíosraí ó choirt</b>	<b>0,05 (*)</b>
0830010	Cainéal	
0830990	Eile (2)	
0840000	<b>Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm</b>	
0840010	Liocras	<b>0,05 (*)</b>
0840020	Sinséar (10)	
0840030	Tuirmiric/curcuma	<b>0,05 (*)</b>
0840040	Meacain ragaim (11)	
0840990	Eile (2)	<b>0,05 (*)</b>
0850000	<b>Spíosraí ón mbachlóg</b>	<b>0,05 (*)</b>
0850010	Clóibh	
0850020	Caprais	
0850990	Eile (2)	
0860000	<b>Spíosraí ó phistil bláthanna</b>	<b>0,05 (*)</b>
0860010	Cróch	
0860990	Eile (2)	
0870000	<b>Spíosraí arail</b>	<b>0,05 (*)</b>
0870010	Maicis	
0870990	Eile (2)	
0900000	<b>PLANDAÍ SIÚCRA</b>	
0900010	Fréamhacha biatas siúcra	<b>0,005 (*)</b>
0900020	Cánaí siúcra	<b>0,01 (*)</b>
0900030	Fréamhacha siocaire	<b>0,01 (*)</b>
0900990	Eile (2)	<b>0,01 (*)</b>
1000000	<b>TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN</b>	
1010000	<b>Tráchtearraí ó</b>	<b>0,01 (*)</b>
1011000	(a) <b>mucra</b>	
1011010	Matán	
1011020	Saill	
1011030	An t-ae	
1011040	An duán	
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1011990	Eile (2)	
1012000	(b) <b>bó-ainmhithe</b>	
1012010	Matán	
1012020	Saill	
1012030	An t-ae	

(1)	(2)	(3)
1012040	An duán	
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1012990	Eile (2)	
1013000	<b>(c) caoraigh</b>	
1013010	Matán	
1013020	Saill	
1013030	An t-ae	
1013040	An duán	
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1013990	Eile (2)	
1014000	<b>d) gabhair</b>	
1014010	Matán	
1014020	Saill	
1014030	An t-ae	
1014040	An duán	
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1014990	Eile (2)	
1015000	<b>(e) each-ainmhithe</b>	
1015010	Matán	
1015020	Saill	
1015030	An t-ae	
1015040	An duán	
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1015990	Eile (2)	
1016000	<b>(f) éanlaith chlóis</b>	
1016010	Matán	
1016020	Saill	
1016030	An t-ae	
1016040	An duán	
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1016990	Eile (2)	
1017000	<b>(g) ainmhithe talún feirme eile</b>	
1017010	Matán	
1017020	Saill	
1017030	An t-ae	
1017040	An duán	
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	
1017990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
1020000	<b>Bainne</b>	
1020010	Eallach	<b>0,005</b> (*)
1020020	Caoirigh	<b>0,01</b> (*)
1020030	Gabhar	<b>0,01</b> (*)
1020040	Capall	<b>0,01</b> (*)
1020990	Eile (2)	<b>0,01</b> (*)
1030000	<b>Uibheacha éan</b>	<b>0,01</b> (*)
1030010	An chearc	
1030020	Lacha	
1030030	Géanna	
1030040	Gearg	
1030990	Eile (2)	
1040000	<b>Mil agus táirgí bechtaireacht eile (7)</b>	<b>0,05</b> (*)
1050000	<b>Débheathaigh agus Reiptílí</b>	<b>0,01</b> (*)
1060000	<b>Ainmhithe inveirteabracha talún</b>	<b>0,01</b> (*)
1070000	<b>Ainmhithe veirteabracha talún fiáine</b>	<b>0,01</b> (*)
1100000	<b>TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)</b>	
1200000	<b>TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)</b>	
1300000	<b>TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)</b>	

(\*) Léiríonn an íostearainn an chinnidh anailísigh

(2) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I'

## RIALACHÁN (AE) 2023/1030 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Bealtaine 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál AH2, *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál IT-45 agus *Purpureocillium lilacinum* tréithchineál PL11

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (<sup>(1)</sup>), agus go háirithe Airteagal 5(1) agus Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcás *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál AH2, *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál IT-45 agus *Purpureocillium lilacinum* tréithchineál PL11, níor socraíodh aon uasleibhéal sonracha iarmhar (MRLanna). Dá bhrí sin, tá feidhm ag an luach réamhshocraithe de 0,01 mg/kg a leagtar síos in Airteagal 18(1), pointe (b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1455 ón gCoimisiún (<sup>(2)</sup>), formheasadh an tsustaint ghníomhach ísealriosca *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál AH2. Le linn an athbhreithnithe piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsustaint ghníomhach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (<sup>(3)</sup>), tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) ar an gconclúid (<sup>(4)</sup>), a mhéid a bhaineann leis an measúnú ar an riosca cothaithe do thomhaltóirí, nach raibh roinnt faisnéise ar fáil agus gur ghá do na bainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Mar a leagtar amach sa tuarascáil maidir le hathbhreithniú le haghaidh na substainte sin (<sup>(5)</sup>), i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca ar an tsustaint ghníomhach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, níl *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál AH2 pataigineach do dhaoine, níl coinne leis go dtáirgfear tocsainí atá ábhartha do shláinte an duine agus tá an riosca do dhaoine trí bhíthin meitibilítí diomaibhseach. Agus an t-athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsustaint ghníomhach *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál AH2, an tuarascáil maidir le hathbhreithniú agus Airteagal 5 agus Airteagal 14(2), pointe (a), (c) agus (d) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, níl aon ghá le MRLanna le haghaidh na substainte seo a bhunú agus is iomchuí, dá bhrí sin, *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál AH2 a áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(<sup>(1)</sup>) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

(<sup>(2)</sup>) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1455 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2021 lena bhformheastar an tsustaint ghníomhach ísealriosca tréithchineál AH2 *Bacillus amyloliquefaciens* i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 315, 7.9.2021, lch. 1).

(<sup>(3)</sup>) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

(<sup>(4)</sup>) Peer review of the pesticide risk assessment of the active substance *Bacillus amyloliquefaciens* strain AH2 [Athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsustaint ghníomhach *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál AH2]. EFSA Journal 2020 [Iris EFSA 2020];18(7):6156. Doi: <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6156>.

(<sup>(5)</sup>) Review report for the active substance *Bacillus amyloliquefaciens* strain AH2 [finalised in the Standing Committee on Plants, Animals, Food and Feed at its meeting on 5 July 2021] SANTE/11938/2020 Rev. 4, 6 July 2021. [Tuarascáil maidir le hathbhreithniú le haghaidh na substainte gníomhaí *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál AH2 [tugtha chun críche sa Bhuanchóiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha ag an gcuirinníú a bhí aige an 5 Iúil 2021] SANTE/11938/2020 Rev. 4., an 6 Iúil 2021] <https://ec.europa.eu/food/plant/pesticides/eu-pesticides-database/start/screen/active-substances/details/1257>.

- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/159 ón gCoimisiún <sup>(6)</sup>, formheasadh an tsubstaint ghníomhach ísealriosca *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál IT-45. Le linn an athbhreithnithe piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid <sup>(7)</sup>, a mhéid a bhaineann leis an measúnú ar an riosca cothaithe do thomhaltóirí, nach raibh roinnt faisnéise ar fáil agus gur ghá do na bainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Mar a leagtar amach sa tuarascáil maidir le hathbhreithniú le haghaidh na substainte sin <sup>(8)</sup>, i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca ar an tsubstaint ghníomhach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, níl *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál IT-45 pataigineach do dhaoine, níl coinne leis go dtáirgfear tocsainí atá ábhartha do shláinte an duine agus tá an riosca do dhaoine trí bhíthin meitibilítí diomaibhseach. Agus an t-athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál IT-45, an tuarascáil maidir le hathbhreithniú agus Airteagal 5 agus Airteagal 14(2), pointe (a), (c) agus (d) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, níl aon ghá le MRLanna le haghaidh na substainte seo a bhunú agus is iomchuí, dá bhrí sin, *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál IT-45 a áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/4 ón gCoimisiún <sup>(9)</sup>, formheasadh an tsubstaint ghníomhach ísealriosca *Purpureocillium lilacinum* tréithchineál PL11. Le linn an athbhreithnithe piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid <sup>(10)</sup>, a mhéid a bhaineann leis an measúnú ar an riosca cothaithe do thomhaltóirí, nach raibh roinnt faisnéise ar fáil agus gur ghá do na bainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Mar a leagtar amach sa tuarascáil maidir le hathbhreithniú le haghaidh na substainte sin <sup>(11)</sup>, i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca ar an tsubstaint ghníomhach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, níl *Purpureocillium lilacinum* tréithchineál PL11 pataigineach do dhaoine agus tá an riosca do dhaoine trí bhíthin meitibilítí diomaibhseach. Agus an t-athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach *Purpureocillium lilacinum* tréithchineál PL11, an tuarascáil maidir le hathbhreithniú agus Airteagal 5 agus Airteagal 14(2), pointe (a), (c) agus (d) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, níl aon ghá le MRLanna le haghaidh na substainte seo a bhunú agus is iomchuí, dá bhrí sin, *Purpureocillium lilacinum* tréithchineál PL11 a áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach in ord aibíte in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005: *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál AH2, *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál IT-45 agus *Purpureocillium lilacinum* tréithchineál PL11.

<sup>(6)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/159 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2022 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach ísealriosca tréithchineál IT-45 *Bacillus amyloliquefaciens* i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 26, 7.2.2022, lch. 7).

<sup>(7)</sup> Peer review of the pesticide risk assessment of the active substance *Bacillus amyloliquefaciens* strain IT-45. [Athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál AH2]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2021;19(5):6594. Doi: <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6594>.

<sup>(8)</sup> Review report for the active substance *Bacillus amyloliquefaciens* strain IT-45 [finalised in the Standing Committee on Plants, Animals, Food and Feed at its meeting on 1-2 December 2021] SANTE/10762/2021 Rev. 1, 1-2 December 2021. [Tuarascáil maidir le hathbhreithniú le haghaidh na substainte gníomhaí *Bacillus amyloliquefaciens* tréithchineál IT-45 [tugtha chun críche sa Bhuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha ag an gcruinniú a bhí aige an 1 go dtí an 2 Nollaig 2021] SANTE/10762/2021 Rev. 1, an 1 go dtí an 2 Nollaig 2021.] <https://ec.europa.eu/food/plant/pesticides/eu-pesticides-database/start/screen/active-substances/details/1333>.

<sup>(9)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/4 ón gCoimisiún an 4 Eanáir 2022 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach tréithchineál PL11 *Purpureocillium lilacinum* mar shubstaint a mbaineann riosca íseal léi i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 1, 5.1.2022, lch. 5).

<sup>(10)</sup> Peer review of the pesticide risk assessment of the active substance *Purpureocillium lilacinum* strain PL11 [Athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach tréithchineál PL11 *Purpureocillium lilacinum*]. EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(5):6393. Doi: <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.6393>.

<sup>(11)</sup> Review report for the active substance *Purpureocillium lilacinum* strain PL11 [finalised in the Standing Committee on Plants, Animals, Food and Feed at its meeting on 22 October 2021] SANTE/10418/2021 Rev. 4. [Tuarascáil maidir le hathbhreithniú le haghaidh na substainte gníomhaí *Purpureocillium lilacinum* tréithchineál PL11 [tugtha chun críche sa Bhuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha ag an gcruinniú a bhí aige an 22 Deireadh Fómhair 2021] SANTE/10418/2021 Rev. 4.] <https://ec.europa.eu/food/plant/pesticides/eu-pesticides-database/start/screen/active-substances/details/1285>.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---



**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1031 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 24 Bealtaine 2023**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 maidir le praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnáil na feola éanlaithe clóis agus in earnáil na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 183(b) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar de thoradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1216/2009 agus Uimh. 614/2009 ón gComhairle <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 5(6)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is éard a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> rialacha mionsonraithe chun córas na ndleachtanna allmhairithe breise a chur chun feidhme, agus le praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnáil na feola éanlaithe clóis agus in earnáil na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe.
- (2) Is éard a léiríonn faireachán rialta ar na sonraí a úsáidtear chun praghsanna ionadaíocha d'fheoil éanlaithe agus do tháirgí uibheacha a shocrú, sin agus an faireachán rialta ar ghealacáin uibhe, gur cheart na praghsanna allmhairithe ionadaíocha ar tháirgí áirithe a leasú chun an éagsúlacht praghsanna de réir áit tionscnaimh cuid de na hearraí a chur san áireamh.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 a leasú dá réir sin.
- (4) Toisc gur gá a áirithiú go mbeidh feidhm ag an mbeart seo a thúsce is féidir ach a mbeidh na sonraí nuashonraithe ar fáil, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1484/95.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

<sup>(1)</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

<sup>(2)</sup> IO L 150, 20.5.2014, lch. 1.

<sup>(3)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 1995 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun an córas dleachtanna allmhairithe breise a chur chun feidhme agus chun praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnálacha na feola éanlaithe clóis agus na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe, agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 163/67/CEE (IO L 145, 29.6.1995, lch. 47).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiún,  
Ar son an Uachtaráin,  
Wolfgang BURTSCHER  
An tArd-Stiúrthóir  
Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha  
Tuaithe*

---

## IARSCRÍBHINN

## IARSCRÍBHINN I

Cód AC	Tuairisc ar na hearraí	Praghas ionadaíoch (EUR/100 kg)	An rátháíocht dá dtagraítear in Airteagal 3 (EUR/100 kg)	Tionscnamh <sup>(1)</sup>
0207 14 10	Gearrthacha gan chnámh ó chineálacha éanlaithe den speiceas <i>Gallus domesticus</i> , iad reoite	258,9	12	BR

(<sup>1</sup>) Ainmníocht arna socrú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1470 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hainmníocht na dtíortha agus na gcríoch le haghaidh an staidrimh Eorpaigh maidir le trádáil idirnáisiúnta in earraí agus maidir leis an mionscagadh geografach i ndáil le staidreamh gnó eile (IO L 334, 13.10.2020, lch. 2).'

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1032 ÓN gCOIMISIÚN****an 25 Bealtaine 2023****lena mbunaítear bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV) i gcríoch an Aontais agus ar a leathadh laistigh di agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 22(3) agus Airteagal 52 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ní liostaítear víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV) ('an lotnaid shonraithe') faoi láthair mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais, ná mar lotnaid neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Mar sin féin, comhlíonann sé na critéir a leagtar amach i bhForoinn 2 de Roinn 3 d'Iarscribhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 le haghaidh réamh-mheasúnú chun lotnaidí a shainithint ar lotnaidí iad a cháilítear go sealadach mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais a gceanglaítear bearta sealadacha ina leith dá dtagraítear in Airteagal 30(1) den Rialachán sin.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup> bunaíodh bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach na lotnaide sonraithe san Aontas agus ar a leathadh laistigh de. Tá an Rialachán sin le dul in éag an 31 Bealtaine 2023.
- (3) Tar éis ghlacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191, bailíodh faisnéis eolaíoch níos déanaí maidir le leathadh na lotnaide sonraithe agus maidir le modhanna tástála, agus trí bhithin iniúchtaí a rinne seirbhísí an Choimisiúin soláthraíodh aiseolas maidir le cur chun feidhme na bhforálacha agus tionchar na bhforálacha sin ar an gcosaint i gcoinne leathadh an ghalair. Tugann sé sin údar leis an ngá atá le gníomh nua a ghlacadh a bhfuil bearta níos mionsonraithe ann ná na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán sin.
- (4) Chun an cur chuige is réamhghníomhaí a áirithiú i ndáil le cosaint fiteashláintíochta, ba cheart bearta a bhunú le haghaidh cásanna ina bhfuil amhras ar aon duine laistigh de chríoch an Aontais go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair, nó inarb eol d'aon duine go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair, agus maidir leis an bhfógra comhfhreagrach a thabhairt don údarás inniúil, agus na gníomhaíochtaí atá le déanamh ag an údarás sin.

<sup>(1)</sup> IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

<sup>(2)</sup> IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2020 lena mbunaítear bearta chun tabhairt isteach agus leathadh Víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV) san Aontas a chosc agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1615 (IO L 262, 12.8.2020, lch. 6).

- (5) I gcás ina ndeimhnítear go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair i gcríoch Bhallstáit, ba cheart d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann limistéar críochaithe a bhunú chun a áirithiú go ndíothófar an lotnaid sin agus go gcuirfeadh cosc ar a leathadh go dtí an chuid eile de chríoch an Aontais. Chun an cur chuige is iomchuí agus is comhréirí a áirithiú, ba cheart rialacha éagsúla a ghlacadh i leith an chríochaithe i gcás ina ndeimhnítear go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair i láithreáin táirgthe a bhfuil cosaint fhisiceach acu, ós rud é gur lú an riosca fiteashláintíochta mar gheall ar an gcosaint sin.
- (6) Chun cur chuige níos réamhghníomhaí a áirithiú i ndáil le cosaint chríoch an Aontais ón lotnaid shonraithe, ba cheart do na Ballstáit suirbhéanna bliantúla a dhéanamh maidir le láithreach na lotnaide sonraithe ina gcríoch.
- (7) Ba cheart rialacha a bhunú maidir le haistriú síolta *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí, agus síolta *Capsicum* spp. ('síolta sonraithe'), agus plandaí le haghaidh plandú, seachas síolta sonraithe, *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí agus *Capsicum* spp. ('plandaí sonraithe le haghaidh plandú') laistigh den Aontas, ós rud é gur dóichí go mbeidh na síolta sin agus na plandaí sin le haghaidh plandú ina n-óstaí ag an lotnaid shonraithe agus gur dóichí go leathfaidh siad í.
- (8) Ba cheart a áireamh sna rialacha sin, de réir mar is iomchuí don chineál planda agus a tháirgeadh, saoirse ón lotnaid sa láithreán táirgthe, amharc-chigireacht, sampláil agus tástáil, láimhseáil iomchuí baisceanna, agus bearta maidir le máthairphlandaí. Tá gá le cur chuige den sórt sin chun dul in oiriúint do na himthosca teicniúla a bhaineann le gach cás ina dtáirgtear agus ina n-aistrítear na síolta sonraithe agus na plandaí sonraithe.
- (9) Thar gach rud eile, ba cheart don údarás inniúil sampláil agus tástáil a dhéanamh ar gach baic de shíolta sonraithe chun láithreach na lotnaide sonraithe a bhrath. Ba cheart don údarás inniúil nó don oibreoir gairmiúil, de réir mar is infheidhme, tástáil a dhéanamh ar na síolta sonraithe sin sula ndéantar próiseáil bhreise orthu, agus ba cheart go bhfuair iad a bheith saor ón lotnaid shonraithe de réir na dtástálacha sin. Tá gá leis sin chun críoch an Aontais a chosaint ón lotnaid shonraithe, toisc gurb iad na síolta sonraithe is ábhar tosaigh le haghaidh na bplandaí uile i gceist.
- (10) Chun críoch an Aontais a chosaint ar an lotnaid shonraithe, ba cheart ceanglais a leagan amach maidir le síolta sonraithe agus plandaí sonraithe le haghaidh plandú a thabhairt isteach san Aontas ó thrú tíortha. Ba cheart na ceanglais sin a bheith comhchosúil leis na ceanglais a bhaineann le haistriú na síolta sonraithe agus na bplandaí sonraithe le haghaidh plandú laistigh den Aontas, chun cur chuige neamh-idirdhealaitheach a áirithiú.
- (11) Maidir le síolta sonraithe agus plandaí sonraithe le haghaidh plandú de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, is comhréireach iad a eisiáil ó na ceanglais sin ós rud é go laghdaítear an riosca fiteashláintíochta go dtí leibhéal inghlactha i gcás na bplandaí sin. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi liosta de na cineálacha frithsheasmhacha sin, agus an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.
- (12) Chun rialuithe oifigiúla éifeachtacha a áirithiú i gcoinne an lotnaid shonraithe a theacht isteach san Aontas, ba cheart don údarás inniúil sampláil agus tástáil a dhéanamh ar 20 % ar a laghad de na coinsíneachtaí de shíolta sonraithe agus de phlandaí sonraithe le haghaidh plandú ag poist rialaithe teorann an chéad teacht isteach san Aontas, nó ag lárionad rialaithe dá dtagraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup>. Maidir le coinsíneachtaí de shíolta sonraithe agus plandaí sonraithe le haghaidh plandú de thionscnamh Iosrael agus na Síne, ba cheart ráta tástála 50 % agus 100 %, faoi seach, a bheith i gceist leis sin, mar gheall ar líon níos airde idircheaptha na lotnaide sonraithe i dtráchtearraí de thionscnamh na dtrú tíortha sin.
- (13) Chun a ndóthain ama a thabhairt do na trú tíortha, na húdaráis inniúla agus na hoibreoirí gairmiúla dul in oiriúint d'fhorálacha an Rialacháin seo, ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Meán Fómhair 2023. Ar an gcúis sin, agus chun aon bhearna dhlíthiúil a sheachaint, ba cheart dul in éag thréimhse feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 a chur siar ón 31 Bealtaine 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2023.

<sup>(5)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir leis na cásanna ina bhféadfar seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar tháirgí áirithe a dhéanamh ag lárionad rialaithe, agus na cásanna ina bhféadfar seiceálacha doiciméadacha a dhéanamh i gcein ó phoist rialaithe teorann, agus na coinneollacha faoina bhféadfar na seiceálacha sin a dhéanamh (IO L 321, 12.12.2019, lch. 64).

- (14) An measúnú iomlán ar an lotnaid shonraithe, chun an riosca a bhaineann leis a chinneadh maidir le críoch an Aontais, tá sé fós ar feitheamh. Ar an gcúis sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo go dtí an 31 Nollaig 2024, chun go mbeidh am ann an measúnú sin a dhéanamh faoin am sin.
- (15) Chun aghaidh a thabhairt go pras ar riosca fiteashláintíochta na lotnaide sonraithe, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart don Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe.
- (16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

#### Ábhar

Leis an Rialachán seo bunaítear bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV) san Aontais agus ar a leathadh laistigh de.

#### Airteagal 2

#### Sainmhínte

Chun críoch an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘lotnaid shonraithe’ víreas tráta an toraidh dhoinn rocaigh (ToBRFV);
- (b) ciallaíonn ‘plandaí sonraithe’ plandaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí, agus plandaí *Capsicum* spp., seachas síoltaí sonraithe agus torthaí sonraithe;
- (c) ciallaíonn ‘plandaí sonraithe le haghaidh plandú’ plandaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí le haghaidh plandú, agus plandaí *Capsicum* spp. le haghaidh plandú, seachas síoltaí sonraithe;
- (d) ciallaíonn ‘síolta sonraithe’ síolta *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí agus síolta *Capsicum* spp.;
- (e) ciallaíonn ‘torthaí sonraithe’ torthaí *Solanum lycopersicum* L. agus a hibridí agus torthaí *Capsicum* spp.

#### Airteagal 3

#### Toirmisc a bhaineann leis an lotnaid shonraithe

Ní thabharfar an lotnaid shonraithe isteach, ní aistreofar, ná ní choinneofar í, ní iolrófar í ná ní scaoilfear í laistigh de chríoch an Aontais.

#### Airteagal 4

#### Bearta i gcás inarb ann d’amhras nó eolas go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair

1. Aon duine laistigh de chríoch an Aontais a bhfuil amhras air nó arb eol dó go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair, cuirfidh sé an t-údarás inniúil ar an eolas agus soláthróidh sé gach faisnéis ábhartha dó maidir le láithreacht, nó láithreacht amhrasta, na lotnaide sin.
2. Nuair a fhaigheann an t-údarás an fhaisnéis sin, déanfaidh sé an méid seo a leanas:
- (a) déanfaidh sé taifead den fhaisnéis a fuarthas;
- (b) déanfaidh sé na bearta uile is gá chun láithreacht nó láithreacht amhrasta na lotnaide sonraithe a dheimhniú nó a bhréagnú;

- (c) áiritheoidh sé go ndéanfar aon duine a bhfuil plandaí sonraithe, síolta sonraithe nó torthaí sonraithe faoina rialú a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe, a chur ar an eolas láithreach maidir le:
- (i) láithreacht nó láithreacht amhrasta na lotnaide sonraithe; agus
  - (ii) na rioscaí féideartha a bhaineann leis an lotnaid shonraithe agus na bearta atá le déanamh.

#### Airteagal 5

### Suirbhéanna ar láithreacht na lotnaide sonraithe

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla suirbhéanna bliantúla maidir le láithreacht na lotnaide sonraithe ina gcóir.
2. Is éard a bheidh i gceist leis na suirbhéanna sin:
  - (a) sampláil agus tástáil mar a leagtar síos san Iarscríbhinn; agus
  - (b) beidh siad bunaithe ar:
    - (i) an riosca measta go dtabharfaí an lotnaid shonraithe isteach sa Bhallstát lena mbaineann agus go leathfaí í laistigh den Bhallstát sin; agus
    - (ii) prionsabail fhóna eolaíocha agus theicniúla maidir leis an bhféidearthacht an lotnaid shonraithe a bhrath.
3. Faoin 30 Aibreán gach bliain, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi thorthaí na suirbhéanna a rinneadh le linn na bliana féilire roimhe sin.

#### Airteagal 6

### Bearta i gcás ina ndeimhnítear go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair

1. I gcás ina ndeimhnítear go hoifigiúil go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair i gcóir Bhallstáit, áiritheoidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann go ndéanfar bearta iomchuí chun an lotnaid shonraithe a dhíothú i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2016/2031.

Déanfaidh an t-údarás inniúil sin na bearta a leagtar síos i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, mura gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 18(4) de Rialachán (AE) 2016/2031 maidir leis an lotnaid shonraithe.

Ní bheidh feidhm ag na bearta a leagtar síos i míreanna 2 agus 3 maidir le plandaí sonraithe le haghaidh plandú de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi liosta de na cineálacha frithsheasmhacha sin, agus tabharfar an liosta sin cothrom le dáta go tráthrialta.

2. Déanfaidh an t-údarás inniúil limistéar críochaithe a bhunú gan mhoill mar a leanas:
  - (a) má tá an lotnaid shonraithe i láthair i láithreáin táirgthe a bhfuil cosaint fhisiceach acu, cuimseoidh an limistéar críochaithe ar a laghad an láithreán táirgthe inar thángthas ar an lotnaid shonraithe;
  - (b) má tá an lotnaid shonraithe i láthair i láithreáin táirgthe seachas na láithreáin dá dtagraítear i bpointe (a), cuimseoidh an limistéar críochaithe na nithe seo a leanas:
    - (i) crios inmhiolaithe lena n-áirítear ar a laghad an láithreán táirgthe inar thángthas ar an lotnaid shonraithe;
    - (ii) crios maolánach de 30 m, ar a laghad, thart timpeall ar an gcrios inmhiolaithe.
3. Sa limistéar críochaithe, déanfaidh an t-údarás inniúil, nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, na nithe seo a leanas:
  - (a) maidir le láithreáin táirgthe atá ceaptha chun plandaí sonraithe le haghaidh plandú a tháirgeadh nó chun síolta sonraithe a tháirgeadh:
    - (i) baisceanna na bplandaí sonraithe le haghaidh plandú atá ionfhabhtaithe, iad sin uile a bhaint agus a scriosadh láithreach, agus i gcás inarb infheidhme, an damhna fáis agus na síolta sonraithe a thagann ó na baisceanna sin a bhaint agus a scriosadh chomh maith. Déanfar an bhaint agus an scriosadh sin ar bhealach nach mbeidh aon bhaol ann go leathfar an lotnaid shonraithe;

- (ii) bearta sonracha sláinteachais a chur i bhfeidhm maidir le pearsanra, struchtúir láithreán táirgthe, uirlisí agus innealra, ábhair agus modhanna iompair, chun cosc a chur ar leathadh na lotnaide sonrathie go dtí na baisceanna eile atá i láthair sa láithreán táirgthe agus go dtí barra leantacha na bplandaí sonrathie nó go dtí láithreáin táirgthe eile;
  - (iii) an damhna fáis a scriosadh nó a chóireáil, ag deireadh na tréimhse curaíochta ar a laghad, ar bhealach nach mbeidh aon bhaol inaitheanta ann go leathfar an lotnaid shonraithe;
- (b) maidir le láithreáin táirgthe atá ceaptha chun torthaí sonrathie a tháirgeadh:
- (i) na plandaí sonrathie ionfhabhtaithe uile a bhaint den láithreán táirgthe agus iad a scriosadh, ag deireadh na tréimhse curaíochta ar a laghad. Déanfar an bhaint ar bhealach nach mbeidh aon bhaol inaitheanta ann go leathfar an lotnaid shonraithe;
  - (ii) bearta sonracha sláinteachais a chur i bhfeidhm maidir le pearsanra, struchtúir láithreán táirgthe, uirlisí agus innealra, ábhair agus modhanna pacála agus iompair na dtorthaí, chun cosc a chur ar leathadh na lotnaide sonrathie go dtí barra leantacha na bplandaí sonrathie nó go dtí láithreáin táirgthe eile;
  - (iii) an damhna fáis a scriosadh nó a chóireáil ag deireadh na tréimhse curaíochta ar a laghad ar bhealach nach mbeidh aon bhaol inaitheanta ann go leathfar an lotnaid shonraithe.

#### Airteagal 7

### Na plandaí sonrathie le haghaidh plandú a aistriú laistigh den Aontas

1. Ní fhéadfar na plandaí sonrathie le haghaidh plandú a aistriú laistigh den Aontas ach amháin má tá pas plandaí ag gabháil leo, arna eisiúint tar éis don údarás inniúil nó don oibreoir gairmiúil a theacht ar an gconclúid go gcomhlíontar na coinníollacha seo uile a leanas:

- (a) díorthaítear na plandaí sonrathie le haghaidh plandú ó shíolta sonrathie a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 8 agus 10;
- (b) fásadh na plandaí sonrathie le haghaidh plandú i láithreán táirgthe arb eol nach dtagann an lotnaid shonraithe chun cinn ann, ar bhonn cigireachtaí arna ndéanamh an tráth iomchuí chun an lotnaid shonraithe a bhrath;
- (c) plandaí sonrathie le haghaidh plandú a raibh siomptóim na lotnaide sonrathie orthu, rinne an t-údarás inniúil sampláil agus tástáil orthu, agus léiríodh leis na tástálacha sin go bhfuil na plandaí sin saor ón lotnaid shonraithe;
- (d) coinníodh na baisceanna plandaí sonrathie le haghaidh plandú ar leithligh ó na baisceanna eile plandaí sonrathie, trí bhearta sláinteachais iomchuí a chur a bhfeidhm.

Sampláil i ndáil le tástáil, dá dtagraítear sa mhír seo, déanfar é mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

2. Na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 i ndáil le pas plandaí a eisiúint, ní bheidh feidhm acu maidir le plandaí sonrathie le haghaidh plandú de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonrathie. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi liosta de na cineálacha frithsheasmhacha sin, agus tabharfar an liosta sin cothrom le dáta go tráthrialta.

#### Airteagal 8

### Na síolta sonrathie a aistriú laistigh den Aontas

1. Ní fhéadfar na síolta sonrathie a aistriú laistigh den Aontas ach amháin má tá pas plandaí ag gabháil leo, arna eisiúint tar éis don údarás inniúil nó don oibreoir gairmiúil a theacht ar an gconclúid go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) táirgeadh na máthairphlandaí ónar tháinig na síolta sonrathie i láithreán táirgthe arb eol nach dtagann an lotnaid shonraithe chun cinn ann, ar bhonn cigireachtaí arna ndéanamh an tráth iomchuí chun an lotnaid shonraithe a bhrath;



- (b) i gcás bairc de shíolta sonraithe a thagann ó níos mó ná 30 máthairphlanda, rinne an t-údarás inniúil, roimh an bpróiseáil, sampláil agus tástáil ar an mbairc sin de shíolta sonraithe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn maidir le láithreach na lotnaide sonraithe, nó rinne na hoibreoírí gairmiúla sampláil agus tástáil ar an mbairc sin faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil, agus fuarthas go raibh sí saor ón lotnaid shonraithe de réir na dtástálacha sin. Tugadh fógra don údarás inniúil faoi láithreach na lotnaide sonraithe i gcás inarb ann di, agus ní aistreofar na bairceanna de shíolta sonraithe ionfhabhtaithe laistigh de chríoch an Aontais;
- (c) i gcás bairc de shíolta sonraithe a thagann ó 30 máthairphlanda nó líon níos lú ná sin, rinne an t-údarás inniúil sampláil agus tástáil, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, maidir le láithreach na lotnaide sonraithe, nó rinne na hoibreoírí gairmiúla sampláil agus tástáil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil ar na síolta sonraithe nó ar gach máthairphlanda ónar tháinig na síolta sonraithe sin. Fuarthas go raibh na síolta sonraithe nó na máthairphlandaí saor ón lotnaid shonraithe de réir na dtástálacha sin. Tugadh fógra don údarás inniúil faoi láithreach na lotnaide sonraithe i gcás inarb ann di, agus ní aistreofar na bairceanna de shíolta sonraithe a thagann ó na máthairphlandaí ionfhabhtaithe laistigh de chríoch an Aontais;
- (d) i gcás ina mbeidh amhras faoin lotnaid shonraithe a bheith i láthair, is iad na húdaráis inniúla amháin a dhéanfaidh an tsampláil agus an tástáil i gcomhréir le hAirteagal 87(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2016/2031;
- (e) déantar tionscnamh gach bairc de shíolta sonraithe a thaifeadadh agus a dhoiciméadú.

2. De mhaolú ar mhír 1, pointí (a), (b), (c) agus (d), síolta sonraithe a sábháladh roimh an 31 Lúnasa 2023 agus ar chinn an t-údarás inniúil nó an t-oibreoír gairmiúil lena mbaineann gur chomhlíon siad ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191 sular aistríodh laistigh den Aontas iad den chéad uair, féadfar iad a aistriú laistigh den Aontas agus pas plandaí ag gabháil leo lena bhfianaítear comhlíonadh na gceanglais sin.

3. Na bairceanna de shíolta sonraithe a aistríodh laistigh den Aontas den chéad uair ó bhí 1 Aibreán 2021 ann, agus a ndearnadh tástáil orthu roimh an 30 Meán Fómhair 2020 leis an modh measúnachta imdhionsúiteachta einsímnaasctha (ELISA), déanfar tástáil orthu arís le modh tástála seachas ELISA, dá dtagraítear i bpointe 3 den Iarscríbhinn.

4. Déanfar an tsampláil agus tástáil mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

5. Na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 1 agus 2 i ndáil le pas plandaí a eisiúint, ní bheidh feidhm acu maidir le síolta sonraithe de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi liosta de na cineálacha frithsheasmhacha sin, agus tabharfar an liosta sin cothrom le dáta go tráthrialta.

#### Airteagal 9

### Na plandaí sonraithe le haghaidh plandú a thabhairt isteach san Aontas

1. Plandaí sonraithe le haghaidh plandú, seachas plandaí sonraithe le haghaidh plandú a bhaineann le cineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, de thionscnamh tríú tíortha, ní fhéadfar iad a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má tá deimhniú fiteashláintíochta ag gabháil leo ina n-áirítear na gnéithe seo a leanas faoin gceannteideal 'Dearbhú breise':

- (a) ráiteas oifigiúil go ndíorthaítear na plandaí sonraithe le haghaidh plandú ó shíolta a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 10;
- (b) ráiteas oifigiúil gur táirgeadh na plandaí sonraithe le haghaidh plandú i láithreán táirgthe atá cláraithe ag eagraíocht oifigiúil náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh agus atá faoi mhaoirseacht na heagraíochta sin, agus arb eol go bhfuil siad saor ón lotnaid shonraithe ar bhonn cigireachtaí oifigiúla, samplála agus tástála arna ndéanamh an tráth iomchú chun an lotnaid shonraithe sin a bhrath;
- (c) ainm an láithreáin táirgthe chláráithe.

2. Plandaí sonraithe le haghaidh plandú de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, de thionscnamh tríú tíortha, ní fhéadfar iad a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má tá deimhniú fiteashláintíochta ag gabháil leo lena ndeimhnítear an fhrithsheasmhacht sin faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise'.

*Airteagal 10***Na síolta sonraithe a thabhairt isteach san Aontas**

1. Síolta sonraithe de thionscnamh tríú tíortha, seachas síolta sonraithe a bhaineann le cineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, ní fhéadfar iad a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má tá deimhniú fiteashláintíochta ag gabháil leo ina n-áirítear na gnéithe uile seo a leanas faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise':

(a) ráiteas oifigiúil gur comhlíonadh na coinníollacha uile seo a leanas:

- (i) táirgeadh na máthairphlandaí ónar tháinig na síolta sonraithe lena mbaineann i láithreán táirgthe arb eol nach dtagann an lotnaid shonraithe chun cinn ann, ar bhonn cigireachtaí arna ndéanamh an tráth iomchuí chun an lotnaid shonraithe a bhrath;
- (ii) i gcás baisc de shíolta sonraithe a thagann ó níos mó ná 30 máthairphlanda, rinneadh sampláil oifigiúil agus tástáil oifigiúil, roimh an bpróiseáil, ar an mbaisc sin de shíolta sonraithe maidir leis an lotnaid shonraithe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn agus fuarthas go raibh sí saor ón lotnaid shonraithe de réir na dtástálacha sin;
- (iii) i gcás baisc de shíolta sonraithe a thagann ó 30 máthairphlanda nó líon níos lú ná sin, rinneadh sampláil agus tástáil, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar na síolta sonraithe, nó ar gach máthairphlanda ónar tháinig na síolta sonraithe sin. Fuarthas go raibh na síolta sonraithe nó na máthairphlandaí saor ón lotnaid shonraithe de réir na dtástálacha sin;

(b) faisnéis lena n-áiríthítear inrianaitheacht láithreán táirgthe na máthairphlandaí.

2. Síolta sonraithe de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, de thionscnamh tríú tíortha, ní fhéadfar iad a thabhairt isteach san Aontas ach amháin má tá deimhniú fiteashláintíochta ag gabháil leo lena ndeimhnítear an fhrithsheasmhacht sin faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise'.

3. De mhaolú ar mhír 1, pointe (a), síolta sonraithe a sábháladh roimh an 31 Lúnasa 2023 agus ar cinneadh ina leith sular tugadh isteach san Aontas iad gur chomhlíon siad ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191, féadfar iad a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus deimhniú fiteashláintíochta ag gabháil leo ina luaitear an ráiteas seo a leanas faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise': 'Sábháladh na síolta seo roimh an 31 Lúnasa 2023 agus cinneadh go gcomhlíonann siad Rialachán (AE) 2020/1191'.

*Airteagal 11***Seiceálacha oifigiúla le linn an tabhairt isteach san Aontas**

Déanfaidh an t-údarás inniúil sampláil agus tástáil ar 20 % ar a laghad de choinsíneachtaí de shíolta sonraithe agus plandaí sonraithe le haghaidh plandú ag poist rialaithe teorann an chéad teacht isteach san Aontas, nó ag lárionad rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2019/2123, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Maidir le coinsíneachtaí de shíolta sonraithe agus plandaí sonraithe le haghaidh plandú de thionscnamh Iosrael agus na Síne, is 50 % agus 100 %, faoi seach, an ráta tástála a bheidh i gceist.

*Airteagal 12***Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191**

In Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1191, cuirtear '31 Lúnasa 2023' in ionad an dáta '31 Bealtaine 2023'.

*Airteagal 13***Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN

**1. Scéimeanna samplála maidir le síolta sonraithe, seachas síolta de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe**

Déanfar sampláil ar shíolta le tástáil faoi na scéimeanna samplála seo a leanas de réir na mbaisceanna síolta dá dtagraítear sna táblaí ábhartha den Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fiteashláintíochta, Uimh. 31, 'Modheolaíochtaí maidir le sampláil coinsíneachtaí' (ISPM31):

- a) i gcás baisc síolta a thagann ó 30 máthairphlanda nó líon níos lú ná sin:
  - scéim samplála hipirgeoiméadrach a chur i bhfeidhm lenar féidir láithreacht plandaí ionfhabhtaithe ar leibhéal 10 % nó níos mó a shainaithint le hiontaofacht 95 %; nó
  - tástáil gach máthairphlanda ón mbaisc síolta;
- b) i gcás baisc síolta ina bhfuil 3 000 síol nó níos lú: scéim samplála hipirgeoiméadrach a chur i bhfeidhm lenar féidir láithreacht plandaí ionfhabhtaithe ar leibhéal 10 % nó níos mó a shainaithint le hiontaofacht 95 %;
- c) i gcás baisc síolta ina bhfuil níos mó ná 3 000 síol ach nach bhfuil níos mó ná 30 000 síol inti: scéim samplála a chur i bhfeidhm lenar féidir láithreacht plandaí ionfhabhtaithe ar leibhéal 1 % nó níos mó a shainaithint le hiontaofacht 95 %;
- d) i gcás baisc síolta ina bhfuil níos mó ná 30 000 síol: scéim samplála a chur i bhfeidhm lenar féidir láithreacht plandaí ionfhabhtaithe ar leibhéal 0.1 % nó níos mó a shainaithint le hiontaofacht 95 %.

Beidh uasmhéid 1 000 síol i ngach foshampla le haghaidh modhanna imoibrithe shlabhrúil polaiméaráise (ISP).

**2. Scéimeanna samplála maidir le plandaí sonraithe, seachas plandaí de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe**

- a) I gcás na bplandaí sonraithe sin, baileofar sampla amháin ar a laghad de suas le 200 duilleog óg ó bharr an phlanda, nó de sheipil ó thorthaí, in aghaidh an láithreáin táirgthe agus in aghaidh na saothróige nuair is infheidhme.
- b) I gcás plandaí a bhfuil siomptóim orthu, déanfar an tsampláil i ndáil le tástáil ar 3 dhuilleog ar a laghad a bhfuil siomptóim orthu.
- c) I gcás tástáil máthairphlandaí, baileofar duilleoga óga ó bharr an phlanda, nó seipil ó thorthaí, de réir mar is iomchuí.

**3. Modhanna tástála chun an lotnaid shonraithe ar shíolta a bhrath agus a shainaithint, seachas síolta de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe**

Úsáidfear ceann de na modhanna tástála seo a leanas chun an lotnaid shonraithe ar na síolta sonraithe a bhrath:

- imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascríoptáise fíor-ama agus úsáid á baint as na prímeálaigh agus na tóireadóirí a thuairiscítear sa phrótocal ISF (2020) <sup>(1)</sup>;
- imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascríoptáise fíor-ama agus úsáid á baint as prímeálaigh agus tóireadóir Menzel agus Winter (2021) <sup>(2)</sup>;
- imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascríoptáise fíor-ama agus úsáid á baint as prímeálaigh agus tóireadóir ó Bernabé-Orts *et al.* (2021) <sup>(3)</sup>.

I gcás toradh deimhneach ar an tástáil bhraite, déanfar modh tástála eile, nach ionann agus an modh braite a úsáideadh, le ceann de na modhanna imoibrithe slabhrúil polaiméaráise cúl-trascríoptáise fíor-ama a liostaítear thuas, agus úsáid á baint as an sampla céanna chun an tsainaithint a dheimhniú. Maidir le síolta brataithe, i gcás ina bhfuil neamhréir idir na torthaí a fhaightear le haghaidh an bhraite agus na torthaí a fhaightear le haghaidh na sainaitheanta, bainfear bratú na síolta agus déanfar tástáil ar na síolta arís, más infheidhme.

<sup>(1)</sup> An Cónaidhm Idirnáisiúnta um Shíolta (ISF) (2020) *Detection of Infectious Tomato brown rugose fruit virus (ToBRFV) in Tomato and Pepper Seed*. <https://worldseed.org/our-work/seed-health/jishi-methods/>, version 1.5, upload 29/03/2023.

<sup>(2)</sup> Menzel, W. & Winter, S. (2021). *Identification of novel and known tobamoviruses in tomato and other solanaceous crops using a new pair of generic primers and development of a specific RT-qPCR for ToBRFV*. *Acta Horticulturae* 1316, lgh. 143–148.

<sup>(3)</sup> Bernabé-Orts, J.M., Torre, C., Méndez-López, E., Hernando, Y., Aranda, M.A. (2021) *New Resources for the Specific and Sensitive Detection of the Emerging Tomato Brown Rugose Fruit Virus*. *Viruses* 13, 1680.

**4. Modhanna tástála chun an lotnaid shonraithe ar na plandaí sonraithe a bhrath agus a shainithint, seachas plandaí de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, agus ar na torthaí sonraithe**

Úsáidfead ceann de na modhanna tástála seo a leanas chun an lotnaid shonraithe ar na plandaí sonraithe a bhrath, seachas plandaí de chineálacha arb eol go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh na lotnaide sonraithe, agus ar na torthaí sonraithe:

- ELISA, le haghaidh ábhar a bhfuil siomptóim air agus le haghaidh sin amháin;
- imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise gnásúil agus úsáid á baint as prímeálaigh Alkowni *et al.* (2019) <sup>(4)</sup>;
- imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise gnásúil agus úsáid á baint as prímeálaigh Rodriguez-Mendoza *et al.* (2019) <sup>(5)</sup>;
- imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise fíor-ama agus úsáid á baint as na prímeálaigh agus na tóireadóirí a thuairiscítear sa phrótacal ISF (2020) <sup>(6)</sup>;
- imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise fíor-ama agus úsáid á baint as prímeálaigh agus tóireadóir Menzel agus Winter (2021) <sup>(7)</sup>;
- imoibriú slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise fíor-ama agus úsáid á baint as prímeálaigh agus tóireadóir ó Bernabé-Orts *et al.* (2021) <sup>(8)</sup>

I gcás toradh deimhneach ar an tástáil bhraite, déanfar modh tástála eile, nach ionann agus an modh braite a úsáideadh, le ceann de na modhanna imoibríthe slabhrúil polaiméaráise cúl-trascrioptáise a liostaítear thuas, agus úsáid á baint as an sampla céanna chun an tsainithint a dheimhniú.

---

<sup>(4)</sup> Alkowni, R., Alabdallah, O., Fadda, Z. (2019) *Molecular identification of tomato brown rugose fruit virus in tomato in Palestine. Journal of Plant Pathology* 101(3), 719–723.

<sup>(5)</sup> Rodríguez-Mendoza, J., García-Avila, C.J., López-Buenfil, J.A., Araujo-Ruiz, K., Quezada, A., Cambrón-Crisantos, J.M., Ochoa-Martínez, D.L. (2019) *Identification of Tomato brown rugose fruit virus by RT-PCR from a coding region or replicase. Mexican Journal of Phytopathology* 37(2), 346–356.

<sup>(6)</sup> An Cónaidhm Idirnáisiúnta um Shíolta (ISF) (2020) *Detection of Infectious Tomato brown rugose fruit virus (ToBRFV) in Tomato and Pepper Seed.* <https://worldseed.org/our-work/seed-health/ishi-methods/>, version 1.5, upload 29/03/2023.

<sup>(7)</sup> Menzel, W. & Winter, S. (2021). *Identification of novel and known tobamoviruses in tomato and other solanaceous crops using a new pair of generic primers and development of a specific RT-qPCR for ToBRFV. Acta Horticulturae* 1316, lgh. 143–148.

<sup>(8)</sup> Bernabé-Orts, J.M., Torre, C., Méndez-López, E., Hernando, Y., Aranda, M.A. (2021) *New Resources for the Specific and Sensitive Detection of the Emerging Tomato Brown Rugose Fruit Virus. Viruses* 13, 1680.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1033 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 25 Bealtaine 2023**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1081 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(1) de, agus do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad <sup>(2)</sup> agus go háirithe Airteagal 24(1) de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1081 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup>,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**1. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM**

**1.1. Dleacht frithdhumpála**

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 470/2014 <sup>(5)</sup> ('an rialachán frithdhumpála bunaidh'), d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.
- (2) Le Rialachán (AE) 2015/1394 <sup>(6)</sup>, tar éis ath-imscrúdú ionsúcháin de bhun Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle <sup>(7)</sup>, leasaigh an Coimisiún leibhéal na dleachta frithdhumpála arna forchur leis an rialachán frithdhumpála bunaidh.

<sup>(1)</sup> IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

<sup>(2)</sup> IO L 176, 30.6.2016, lch. 55.

<sup>(3)</sup> IO L 238, 23.7.2020, lch. 1.

<sup>(4)</sup> IO L 238, 23.7.2020, lch. 43.

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 470/2014 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2014 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 142, 14.5.2014, lch. 1).

<sup>(6)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1394 ón gCoimisiún an 13 Lúnasa 2015 lena leasaítear Rialachán (AE) 470/2014, arna leasú le Rialachán (AE) 2015/588, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis ath-imscrúdú ionsúcháin de bhun Airteagal 12 de Rialachán (CE) 1225/2009 ón gComhairle (IO L 215, 14.8.2015, lch. 42).

<sup>(7)</sup> IO L 343, 22.12.2009, lch. 51.

- (3) Le Rialachán (AE) 2020/1080 <sup>(8)</sup>, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036, chuir an Coimisiún fad leis an dleacht frithdhumpála chinntitheach go ceann 5 bliana eile ('na bearta atá i bhfeidhm'). Is idir 17,5 % agus 75,4 % na bearta atá i bhfeidhm.

### 1.2. Dleachtanna frithchúitimh

- (4) Le Rialachán (AE) Uimh. 471/2014 <sup>(9)</sup> ('an rialachán frith-fhóirdheontais bunaidh'), d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.
- (5) Le Rialachán (AE) 2020/1081 <sup>(10)</sup>, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037, chuir an Coimisiún fad leis na dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha go ceann 5 bliana eile ('na bearta atá i bhfeidhm'). Is idir 3,2 % agus 17,1 % na bearta atá i bhfeidhm.

### 1.3. An táirge atá faoi réir na mbeart

- (6) An táirge atá faoi réir na mbeart frithdhumpála agus frithchúitimh, sainmhínítear é mar ghloine gréine a chuimsíonn gloine-chomhréidh-aoil-shóide fhaghartha, agus cion iarainn ann is lú ná 300 csm, tarchuras gréine is mó ná 88 % (a thomhaistear de réir AM1,5 300-2 500 nm), friotaíocht in aghaidh teasa suas le 250°C (a thomhaistear de réir EN 12150), friotaíocht in aghaidh turraingí teirmeacha  $\Delta$  150 K (a thomhaistear de réir EN 12150) agus a bhfuil neart meicniúil 90 N/mm<sup>2</sup> nó níos mó aige (a thomhaistear de réir EN 1288-3) agus atá faoi láthair faoi réir chód CN ex 7007 19 80 (cóid TARIC 7007 19 80 12, 7007 19 80 18, 7007 19 80 80 agus 7007 19 80 85) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (dá ngairtear 'gloine ghréine' de ghnáth).
- (7) Baintear úsáid as an táirge atá faoi réir bearta mar cheann de na comhphárteanna chun modúil fhótavoltacha sileacain chríostalta agus modúil fhótavoltacha tanascannáin a dhéanamh chun leictreachas a tháirgeadh ('modúil fhótavoltacha'), agus tiomsaitheoirí comhréidhe fuinnimh fhótaiteirmigh a mbaintear úsáid astu, mar shampla, chun uisce te a tháirgeadh ('modúil fhótaiteirmeacha').
- (8) Mar sin féin, is trí thagairt a dhéanamh dá saintréithe fisiciúla agus teicniúla a shainítear an táirge atá faoi réir na mbeart, agus ní trí aon úsáid shonrach. D'fhéadfadh teacht timpeall na mbeart a bheith mar thoradh ar eisiámh trí chúis na húsáide deiridh. Dá bhrí sin, cumhdaítear leis na bearta an ghloine ar fad a bhfuil na saintréithe fisiciúla agus teicniúla aici a luaitear in aithris (6), gan beann ar an úsáid atá aici. Soiléiríodh sna rialacháin frithdhumpála agus frithchúitimh bunaidh <sup>(11)</sup> gur cumhdaíodh gloine le haghaidh úsáidí eile, mar shampla, tithe gloine a thógáil agus troscáin.

## 2. SOILÉIRIÚ AR AN TÁIRGE ATÁ FAOI RÉIR NA mBEART

- (9) De réir an chleachtais reachtaigh chaighdeánaigh mar a dheimhnítear le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is modh léirmhínte iad aithrisí dhlí an Aontais. Trí bhíthin léirmhíniú ar dhlí an Aontais bíonn soiléireacht á lorg i bhfianaise a chuspóra arna chur in iúl go hoibiachtúil. Ní mór dó éifeacht a thabhairt d'aidhm agus do mheon na reachtaíochta, agus an comhthéacs agus na cuspóirí ginearálta a bhaineann leis á gcur san áireamh. Ós rud é gur cuireadh an Coimisiún ar an eolas go raibh deacrachtaí ag údaráis na mBallstát agus raon táirge an rialacháin frithdhumpála agus frithfhóirdheontais bunaidh á léirmhíniú, tá tuilleadh soiléireachta á lorg ar an ábhar seo.

<sup>(8)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne de bhun athbhreithniú éaga faoi Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 238, 23.7.2020, lch. 1).

<sup>(9)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 471/2014 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2014 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 142, 14.5.2014, lch. 23).

<sup>(10)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1081 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 238, 23.7.2020, lch. 43).

<sup>(11)</sup> Roinn B.2 den rialachán frithdhumpála bunaidh agus Roinn B.3 den rialachán frith-fhóirdheontais bunaidh.

- (10) Dá bhrí sin, chun cur chun feidhme aonfhoirmeach na mbeart atá i bhfeidhm a áirithiú, chinn an Coimisiún gurb iomchuí é an chuid oibríochtúil de Rialachán (AE) 2020/1080 agus 2020/1081 a leasú chun soiléireacht ar raon táirge na mbeart ó glacadh iad den chéad uair a áireamh go sainráite.
- (11) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá siad i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 1(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080:

'Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine a chuimsíonn gloine-chomhréidh-aoil-shóide fhaghartha, agus cion iarainn ann is lú ná 300 csm, tarchuras gréine is mó ná 88 % (a thomhaistear de réir AM1,5 300-2 500 nm), friotaíocht in aghaidh teasa suas le 250°C (a thomhaistear de réir EN 12150), friotaíocht in aghaidh turraingí teirmeacha  $\Delta$  150 K (a thomhaistear de réir EN 12150) agus a bhfuil neart meicniúil 90 N/mm<sup>2</sup> nó níos mó aige (a thomhaistear de réir EN 1288-3) agus atá faoi láthair faoi réir chód CN ex 7007 19 80 (cód TARIC 7007 19 80 12, 7007 19 80 18, 7007 19 80 80 agus 7007 19 80 85) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Áirítear ar an ngloine gréine atá faoi réir dleacht frithdhumpála an ghloine uile a chomhlíonann na saintréithe teicniúla agus fisciúla a luaitear thuas, cé acu a bhaintear úsáid aisti le haghaidh modúil fótavoltacha, tiomsaitheoirí comhréidhe fuinnimh fhótaiteirmigh, troscáin, tithe gloine a thógáil, nó le haghaidh úsáidí eile'.

#### *Airteagal 2*

Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Airteagal 1(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1081:

'Forchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí gloine gréine a chuimsíonn gloine-chomhréidh-aol-shóide fhaghartha, agus cion iarainn ann is lú ná 300 csm, tarchuras gréine is mó ná 88 % (a thomhaistear de réir AM1,5 300-2 500 nm), friotaíocht in aghaidh teasa suas le 250°C (a thomhaistear i gcomhréir le EN 12150), friotaíocht in aghaidh turraingí teirmeacha  $\Delta$  150 K (a thomhaistear de réir EN 12150) agus a bhfuil neart meicniúil 90 N/mm<sup>2</sup> nó níos mó aige (tomhaiste i gcomhréir le EN 1288-3) agus atá faoi láthair faoi réir chód CN ex 7007 19 80 (cód TARIC 7007 19 80 12, 7007 19 80 18, 7007 19 80 80 agus 7007 19 80 85) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Áirítear ar an ngloine ghréine atá faoi réir dleacht frithchúitimh an ghloine uile a chomhlíonann na saintréithe teicniúla agus fisciúla a luaitear thuas, cé acu a bhaintear úsáid aisti le haghaidh modúil fótavoltacha, tiomsaitheoirí comhréidhe fuinnimh fhótaiteirmigh, troscáin, tithe gloine a thógáil, nó le haghaidh úsáidí eile'.

#### *Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN



## CINNÍ

## CINNEADH (AE) 2023/1034 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Bealtaine 2023

**maidir le togra a thíolacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine a leasú, ag féachaint don 14ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine <sup>(1)</sup> ('an Coinbhinsiún') i gcrích le Cinneadh 82/461/CEE ón gComhairle <sup>(2)</sup> agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Samhain 1983.
- (2) De bhun Airteagal XI den Choinbhinsiún, is féidir le Comhdháil na bPáirtithe leis an gCoinbhinsiún ('Comhdháil na bPáirtithe') leasuithe a ghlacadh ar Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.
- (3) Féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe, le linn an 14ú cruinniú idir an 23 agus an 28 Deireadh Fómhair 2023, leasuithe den sórt sin a ghlacadh. Chuir Rúnaíocht an Choinbhinsiúin na Páirtithe sa Choinbhinsiún ar an eolas go bhfuil aon togra le haghaidh leasú le cur in iúl, i gcomhréir le hAirteagal XI(3) den Choinbhinsiún, faoin 26 Bealtaine 2023. Féadfaidh an tAontas, ós rud é gur Páirtí sa Choinbhinsiún é, tograí den sórt sin a dhéanamh.
- (4) Bheadh sé fóna ó thaobh na heolaíochta de muc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt, *Phocoena phocoena* (pobal Cheartlimistéar Mhuir Bhailt amháin), a áireamh i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i bhfianaise a stádas chaomhantais mar speiceas i mBaol Criticiúil, agus i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus le tiomantas an Aontais don chomhar idirnáisiúnta ar son chosaint na bithéagsúlachta.
- (5) Ba cheart don Aontas togra den sórt sin a thíolacadh chun Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú. Ba cheart don Choimisiún an togra sin a chur in iúl do Rúnaíocht an Choinbhinsiúin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

## Airteagal 1

1. Ag féachaint don 14ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine, tíolacfaidh an Aontas togra le haghaidh leasú ar Foscríbhinn I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun muc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt, *Phocoena phocoena*, (pobal Cheartlimistéar Mhuir Bhailt amháin) a áireamh.
2. Cuirfidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an togra dá dtagraítear i mír 1 in iúl do Rúnaíocht an Choinbhinsiúin.

<sup>(1)</sup> IO L 210, 19.7.1982, lch. 11.

<sup>(2)</sup> Cinneadh 82/461/CEE ón gComhairle an 24 Meitheamh 1982 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le caomhnú na speiceas imirceach ainmhithe fiáine (IO L 210, 19.7.1982, lch. 10).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

E. BUSCH

---

**CINNEADH (CBES) 2023/1035 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 25 Bealtaine 2023**

**lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staidhe sa tSiria**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES <sup>(1)</sup>.
- (2) An 30 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/849 <sup>(2)</sup> lena gcuirtear síneadh leis na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh 2013/255/CBES go dtí an 1 Meitheamh 2023.
- (3) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2013/255/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann go dtí an 1 Meitheamh 2024.
- (4) Ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le beirt atá éagtha a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha agus dlíthiúla, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES. Ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le 19 nduine nádúrtha atá ar an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta agus a leasú.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34:

*'Airteagal 34*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 1 Meitheamh 2024. Déanfar athbhreithniú leanúnach air. Féadfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.;

- (2) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(1)</sup> Cinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staidhe sa tSiria (IO L 147, 1.6.2013, lch. 14).

<sup>(2)</sup> Cinneadh (CBES) 2022/849 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO L 148, 31.5.2022, lch. 52).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. FORSELL

---

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

(1) i roinn 'A. Daoine', scriostar an dá hiontráil seo a leanas:

122. Dr. Fayssal ABBAS;

161. Dr. Mohamad Zafer MOHABAK;

(2) i roinn 'A. Daoine', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 5, 8, 12, 50, 51, 74, 107, 119, 120, 121, 192, 271, 284, 285, 290, 291, 324, 325, agus 326:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
'5.	Hafiz (مخوف) MAKHLOUF (ar a dtugtar freisin Hafez Makhlouf)	Dáta breithe: 2.4.1971; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Pas taidhleoireachta Uimh. 014637352; Inscne: fireann	Iar-Chornal agus Ceann Aonaid sa General Intelligence Directorate, Damascus Branch tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ball de theaghlach Makhlouf; col ceathrar leis an Uachtarán Bashar al-Assad.	9.5.2011
8.	Rami (رامي) MAKHLOUF (مظيد)	Dáta breithe: 10.7.1969; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Uimhir an phas: 000098044; Uimh. eisiúna 002-03-0015187; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria a bhfuil leasanna aige in earnálacha na seirbhísí airgeadais, an iompair agus na maoinne. tá leas airgeadais aige agus/nó tá poist shinsearacha agus feidhmiúcháin aige i gcistí infheistíochta Al Mashreq, Bena Properties agus Cham Holding. Tugann sé maoiniú agus tacaíocht do réimeas na Siria trína leasanna gnó. Is duine mór le rá é de theaghlach Makhlouf agus tá dlúthcheangal aige le teaghlach Assad; col ceathrar an Uachtaráin Bashar al-Assad.	9.5.2011
12.	Ghazwan Rifaat Kheir BEK (ar a dtugtar freisin Ghazqan Kheir Bek)	Dáta breithe: 10.3.1961; Áit bhreithe: Al-Shamiyah, Latakia, an tSiria; Uimhir Aitheantais: 06010037444; Inscne: fireann	An t-iar-Aire Iompair i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011 (27.8.2014 a ceapadh). Bhí sé ina Ard-Stiúrthóir ar Chalafort Tartous roimhe sin. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
50.	Tarif (الأكحراس) AKHRAS (الأكحراس) (ar a dtugtar freisin Al Akhras)	Dáta breithe: 2.6.1951; Áit bhreithe: Homs, an tSiria; Pas Siriach dar uimhir 0000092405; Inscne: fireann	Mórdhuine ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria. Is é bunaitheoir Akhras Group é (tráchtearraí, trádáil, próiseáil agus lóistíocht) agus iar-Chathaoirleach Homs Chamber of Commerce. Dlúthchaidreamh gnó le teaghlach an Uachtaráin Bashar al-Assad. Iarchomhalta den Board of the Federation of Syrian Chambers of Commerce. Tacaíocht lóistíochta tugtha don réimeas (busanna agus iompróirí tancanna). Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas na Siria agus as an tacaíocht a thugann sé don réimeas.	2.9.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
51.	Issam (إسماعيل) ANBOUBA (أوبوب)	Uachtarán Anboubá for Agricultural Industries Co.; Dáta breithe: 1952; Áit bhreithe: Homs, an tSiria; Inscne: fireann	Mórphearsa gnó atá gníomhach in earnálacha éagsúla de gheilleagar na Siria, amháil talmhaíocht, eastát réadach agus baincúireacht. Caidreamh airgeadais le hardoifigigh de chuid na Siria. Comhbhunaitheoir Cham Holding.	2.9.2011
74.	Mohammad Walid GHAZAL	Dáta breithe: 1.11.1951; Áit bhreithe: Aleppo, an tSiria; Uimhir aitheantais náisiúnta na Siria: 02020332623; Inscne: fireann	IarAire Tithíochta agus Forbartha Uirbí (27.8.2014 a ceapadh). Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
107.	Mohammad Ibrahim AL-SHA'AR	Dáta breithe: 1.10.1956; Áit bhreithe: Al-Haffah, Latakia, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Gnóthaí Baile. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach. Leas-Chathaoirleach an National Progressive Front of Syria.	1.12.2011
119.	Sufian (سفيان) ALLAW (علاوة)	Dáta breithe: 8.2.1944; Áit bhreithe: al-Bukamal, Deir Ezzor, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Ola agus Acmhainní Mianra. Bainteach leis an réimeas agus leis an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria i gcoinne an daonra sibhialtach.	27.2.2012
120.	Dr. Adnan (عبدنان) SLAKHO (سلاخو)	Dáta breithe: 7.9.1955; Áit bhreithe: Al-Malihah, Rif Dimashq, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Tionscail. Iar-Aire Oideachais agus comhairleoir reatha forbartha gnó san Aireacht Riaracháin Aitiúil. Bainteach leis an réimeas agus leis an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria i gcoinne an daonra sibhialtach.	27.2.2012
121.	Dr. Saleh (صالح) AL-RASHED (الرائد)	Dáta breithe: 1.8.1964; Áit bhreithe: Cúige Aleppo, an tSiria; Inscne: fireann	Iar-Aire Oideachais agus Ceann reatha ar an Roinn Caidreamh Idirnáisiúnta ag Dámh Caidreamh Idirnáisiúnta agus Taidhleoireachta ag Al-Sham Private University. atá comhlachaithe le réimeas na Siria agus a chur faoi chois foréigneach ar an bpobal sibhialtach.	27.2.2012
192.	Hashim Anwar AL-AQQAD (ar a dtugtar freisin Aqqad Haisim, Heilim Akkad, Hashim Akkad)	Dáta breithe: 8.8.1961; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Uimhir aitheantais náisiúnta na Siria: 01020018085; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria ag a bhfuil leasanna agus/nó gníomhaíochtaí aige san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Tá leasanna aige in Anwar Akkad Sons Group (AASG) agus ina fhochuideachta United Oil, nó tá tionchar suntasach aige orthu. Is ilchuideachta é AASG a bhfuil leasanna aige in earnálacha amháil ola, gás, ceimiceáin, árachas, innealra tionsclaíoch, réadmhaoin, turasóireacht, taispeántais, conraitheoireacht, árachas agus trealamh leighis. Is comhbhunaitheoir mórchomhlacht slándála (ProGuard) é.	23.7.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			D'oibrigh Hashim Anwar al-Aqqad freisin mar fheisire de Pharlaimint na Siria chomh déanach céanna le 2012. Ní bheadh rath ar Hashim Anwar Al-Aqqad i gcónaí ceal cúnaimh ón réimeas. I bhfianaise fhairsinge a ghnó agus a nasc polaitiúil leis an réimeas, tugann sé tacaíocht do réimeas na Siria agus baineann sé tairbhe as.	
271.	Khaled AL-ZUBAIDI (ar a dtugtar freisin (Mohammed) Khaled/Khalid (Bassam) (al-) Zubaidi/Zubedi (خالد الزبيدي))	Náisiúntacht: Siriach; Seasamh: Comhúinéir Zubaidi and Qalei LLC; Stiúrthóir Agar Investment Company; Bainisteoir Ginearálta cuideachta Al Zubaidi agus Al Zubaidi & Al Tawee Contracting Company; Stiúrthóir agus Úinéir Zubaidi Development Company; comhúinéir Enjaz Investment Company; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria, le hinfheistíochtaí suntasacha sa tionscal tógála, lena n-áirítear 50 % in Zubaidi and Qalei LLC, atá ag tógáil na só-chathrach turasóireachta Grand Town agus ar dheonaigh an réimeas comhaontú 45 bliana dó ar 19-21 % dá ioncam. Tacaíonn Khaled al-Zubaidi le réimeas na Siria agus/nó baineann sé tairbhe as réimeas na Siria trína ghníomhaíochtaí gnó, go háirithe tríd an mbun seo san fhorbraíocht Grand Town. Shínigh Khaled al-Zubaidi urraíocht (luach 350 000 USD) le club peile na Siria 'Wihda FC' trí cheann dá chuideachtaí 'Hijaz Company'. Ball de Federation of Syrian Chambers of Tourism ó 2019 i leith. Uachtarán ar chomhairle gnó na Siria-na hAilgéire.	21.1.2019
284.	Mazin AL-TARAZI (ar a dtugtar freisin مازن التريزي, Mazen al-Tarazi) (مازن التريزي)	Dáta breithe: Meán Fómhair 1962; Náisiúntacht: Siriach; Seasamh: Duine gnó; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus ag a bhfuil mórinfeistíochtaí sna hearnálacha tógála agus eitleochta. Tacaíonn Mazin al-Tarazi le réimeas na Siria agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína chuid infheistíochtaí agus gníomhaíochtaí gnó. Go háirithe, tá margadh tugtha i gcric ag Mazin al-Tarazi le Damascus Cham Holding le haghaidh infheistíocht USD 320 milliún i dtógáil Marota City, sófhorbraíocht chónaithe agus tráchtála dar taca an réimeas. Deonaíodh ceadúnas dó freisin le haghaidh aerlíne phríobháideach sa tSiria. I Meán Fómhair 2019, chruthaigh sé 'al-Dana Group Investments LLC', cuideachta ar fiú SYP 25 mhiliún é agus atá bainteach le honnmhairiú-allmhairiú agus le hinfheistíocht in áiseanna turasóireachta agus i gcoimpléisc tráchtála. Is comhalta é Mazin Al-Tarazi de Chomhairle Gnó na Siria-na hIaráine (SIBC) agus d'fhóin sí mar idirghabhálaí do réimeas na hIaráine chun eastát réadach a cheannach sa tSiria.	21.1.2019

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
285.	Samer FOZ (ar a dtugtar freisin Samir Foz/Fawz; Samer Zuhair Foz; Samer Foz bin Zuhair) (سامر فوز)	Dáta breithe: 20.5.1973; Áit bhreithe: Homs, an tSiria; Náisiúntachtaí: Siriach, Turcach; Uimhir Phas na Tuirce: U 09471711 (áit eisiúna: an Tuirc; dáta éaga: 21.7.2024); Uimhir náisiúnta na Siria: 06010274705; Seoladh: Seoladh: Platinum Tower, office No 2405, Jumeirah Lake Towers, Dubai, UAE; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria ag a bhfuil leasanna agus gníomhaíochtaí aige san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Soláthraíonn Samer Foz tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile do réimeas na Siria, lena n áirítear Military Security Shield Forces sa tSiria a chistiú agus margaí gráin a shocrú. Ina theannta sin, baineann sé tairbhe airgeadais as rochtain ar dheiseanna tráchtála trí thrádáil na cruithneachta agus tionscadail atógála mar thoradh ar na naisc atá aige leis an réimeas. D'oscail Samer Foz monarcha scagtha siúcra ('Samer Foz Factory') in 2021 mar thaca le cuspóir réimeas na Siria an táirgeadh siúcra a mhéadú ar fud na tíre.	21.1.2019
290.	Waseem AL-KATTAN (وسيم القطان) (ar a dtugtar freisin Waseem, Wasseem, Wassim, Wasim; Anouar; Al-Kattan, al-Katan, al-Qattan, al-Qatan; (وسيم قطان, وسيم أنوار القطان)	Dáta breithe: 4.3.1976; Náisiúntacht: Siriach; Uimhir Aitheantais Náisiúnta na Siria: 10090110187 Seasamh: Uachtarán Damascus Countryside (Rural) Province Chamber of Commerce; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Larosa Furniture/Furnishing; Jasmine Fields Company Ltd.; Muruj Cham (Murooj al-Cham) Investment and Tourism Group; Adam and Investment LLC; Universal Market Company LLC; Cisteoir Federation of Syrian Chambers of Commerce; Inscne: fireann	Duine de phríomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa tSiria, atá ag baint tairbhe as an réimeas agus atá ag tacú leis. Úinéir gnólachtaí éagsúla agus cuideachtaí sealbhaíochta a bhfuil leasanna agus gníomhaíochtaí acu in earnálacha eacnamaíochta éagsúla amhail réadmhaoín, tionscal na n-óstán sóúla agus ionaid tráchtála. Rinne Waseem al-Kattan dul chun cinn tapa mar mhórdhuine ghnó trí chánacha a ghearradh ar earraí a smuigleáladh isteach in Oirthear Ghouta a bhí faoi léigear agus tá baint aige anois le cineálacha cliantachais atá chun sochair don réimeas. Baineann Waseem al-Kattan tairbhe airgeadais as rochtain fhabhrach ar thairiscintí poiblí agus ar cheadúnais agus ar chonarthaí arna ndámhachtain ag gníomhaireachtaí rialtais mar thoradh ar na dlúthnaisc atá aige leis an réimeas. In 2020, toghadh Al-Kattan ina chomhalta de Damascus Chamber of Commerce. I mí na Samhna 2021, cheap Rialtas na Siria Al-Kattan ina rúnaí ar Federation of Syrian chambers of commerce, d'ainneoin gur cailleadh na toghcháin. In 2022, ceapadh Al-Kattan ina Chathaoirleach ar Chomhairle Gnó na Siria-Óman.	17.2.2020



	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
291.	Amer FOZ (ar a dtugtar freisin Amer Zuhair Fawz) (عامر فوز)	Dáta breithe: 11.3.1976; Áit bhreithe: Homs, an tSiria; Náisiúntacht: Síríach; San Críostóir-Nimheas; Uimh. Náisiúnta: 06010274747; Pasuimhir: 002-14-L169340 Cárta cónaithe UAE: 784 1976 7135283 5 Seasamh: Bunaitheoir District 6 Company; Comhpháirtí bunaitheora Easy life Company; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Samer Foz; Leas-Chathaoirleach Asas Steel Company; Aman Holding; Inscne: fireann	Duine mór gnó a bhíonn i mbun leasanna agus gníomhaíochtaí pearsanta agus teaghlaigh i gcúrsaí gnó san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Baineann sé tairbhe airgeadais as rochtain ar dheiseanna tráchtála agus tacaíonn sé le réimeas na Siria. Tá baint aige freisin lena dheartháir Samer Foz, arna ainmniú ag an gComhairle ó Eanáir 2019 mar phríomhphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, de bharr na tacaíochta a thugann sé don réimeas agus de bharr na tairbhe a bhaineann sé as. In éineacht lena dheartháir, cuireann sé roinnt tionscadal tráchtála chun feidhme, go háirithe i gceantar Adra al-Ummaliyya (bruachbhailte na Damaisce). I measc na dtionscadal sin, tá monarcha a mhonaraíonn cáblaí agus gabhálaí chábla chomh maith le tionscadal chun leictreachas a tháirgeadh ag baint úsáid as cumhacht na gréine. Ina theannta sin, bhí siad i mbun gníomhaíochtaí éagsúla le ISIL (Da'esh) thar ceann réimeas Assad, lena n-áirítear airm agus armlón a sholáthar mar mhalairt ar chruithneacht agus ola.	17.2.2020
324.	Ahmed KHALIL KHALIL (ar a dtugtar freisin Ahmed KHALIL, Ahmad Khalil Khalil) (احمد خليل خليل)	Dáta breithe: 1969; Áit bhreithe: Qayrun; Inscne: fireann	Is é Ahmed Khalil Khalil comhúinéir Sanad Protection and Security Services, cuideachta slándála príobháidí Síríach a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group sa tSiria, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáit, gás agus láithreáin ola a dhaingniú) sa tSiria. Le saothrú acmhainní nádúrtha, soláthraítear ioncam do réimeas na Siria. Ina theannta sin, tá an chuideachta gníomhach in earcú amhas de chuid na Siria le cur chuig an Libia agus chuig an Úcráin. Sa chás sin, tacaíonn Ahmed Khalil Khalil le réimeas na Siria agus baineann sé tairbhe as.	21.7.2022
325.	Nasser Deeb DEEB (ar a dtugtar freisin Nasser Dhib, Nasser Dib, Nasser Deeb) (ناصر ديب)	Dáta breithe: 21.2.1974; Áit bhreithe: Baniyas, Tartus, an tSiria; Uimhir aitheantais náisiúnta na Siria: 10090110187; Inscne: fireann	Is é Nasser Deeb Deeb comhúinéir Sanad Protection and Security Services, cuideachta slándála príobháidí Síríach a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Wagner Group, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáit, gás agus láithreáin ola a dhaingniú) sa tSiria. Le saothrú acmhainní nádúrtha, soláthraítear ioncam do réimeas na Siria. Ina theannta sin, is é comhúinéir na cuideachta Ella Services é in éineacht le Khodr Ali Taher. Sa chás sin, tacaíonn Nasser Deeb Deeb le réimeas na tSiria agus baineann sé tairbhe as.	21.7.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
326.	Issam SHAMMOUT (ar a dtugtar freisin Mohammed Issam Shammout, Mohamed Essam Shammout, Muhammad Issam Shammout, Muhammad Essam Shammout) (محمد عصام شموط)	Dáta breithe: 26.8.1971 Áit bhreithe: 232, Tanzeem Kafarsus, an Damaisc, an tSiria Inscne: fireann	Is é Issam Shammout úinéir agus cathaoirleach bhord stiúrthóirí na haerlíne 'Cham Wings' agus ceannaire an Shammout Group, atá gníomhach sna hearnálacha gluasteán, cruach, eitlíochta, seolta lasta, tógála, agus eastáit réadaigh. Sa cháil sin, is fear mór gnó é Issam Shammout atá ag feidhmiú sa tSiria.	21.7.2022'

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1036 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 24 Bealtaine 2023**

**maidir le himréiteach chuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) le haghaidh na bliana airgeadais 2022**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 3271)*

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 104 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 51 de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta,

De bharr an mhéid a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 104(1), an dara fómhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2116 go leanfaidh Airteagal 4(1), pointe (b), Airteagal 5, Airteagal 7(3), Airteagail 9, 17, 21 agus 34, Airteagal 35(4), Airteagail 36, 37, 38, 40 go 43, 51, 52, 54, 56, 59, 63, 64, 67, 68, 70 go 75, 77, 91 go 97, 99 agus 100, Airteagal 102(2) agus Airteagail 110 agus 111 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 d'fheidhm a bheith acu, a mhéid a bhaineann leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), maidir le caiteachas arna thabhtú ag na tairbhíthe agus íocaíochtaí arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú chur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup> le haghaidh na bliana airgeadais 2022.
- (14) De bhun Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ar chúiseanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan iarracht a dhéanamh aisghabháil a dhéanamh. Ní féidir cinneadh den sórt sin a dhéanamh ach amháin má tá na costais a tabhaíodh cheana, nó na costais is dócha a thabhfófar, níos mó ná an méid atá le haisghabháil, nó má tá an aisghabháil dodhéanta mar gheall ar dhócmhainneacht an fhéichiúnaí nó na ndaoine a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as an neamhrialtacht, ar dócmhainneacht í a chláraítear agus a aithnítear faoin dlí náisiúnta. Má dhéantar an cinneadh laistigh de 4 bliana ó dháta na hiarrata ar aisghabháil, nó laistigh de 8 mbliana i gcás ina dtugtar an aisghabháil os comhair na gcúirteanna náisiúnta, ba cheart 100 % d'iarmhairtí airgeadais an neamh-aisghabhála a íoc as buiséad an Aontais. Na méideanna ar chinn an Ballstát gan iad a aisghabháil agus na forais leis an gcinneadh, léirítear iad sa tuarascáil achomair dá dtagraítear in Airteagal 54(4) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, níor cheart na méideanna sin a ghearradh ar na Ballstáit lena mbaineann agus mar gheall air sin, íoctar as buiséad an Aontais iad.
- (15) I gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ba cheart don Chinneadh seo a bheith gan dochar do na cinní a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh ina dhiaidh sin chun caiteachas nach ndéantar difear dó a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas i gcomhréir le rialacha an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Imréitítear leis seo cuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát a mhéid a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) i leith na bliana airgeadais 2022.

Leagtar amach in Iarscríbhinn I agus II a ghabhann leis an gCinneadh seo na méideanna atá in-aisghabhála ó gach Ballstát de bhun an Chinnidh seo nó atá iníoctha leo, lena n-áirítear méideanna a eascraíonn ó chur i bhfeidhm Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

#### *Airteagal 2*

Tá an Cinneadh seo gan dochar do chinntí a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo maidir le himréiteach comhréireachta, ar cinní iad a bhféadfadh an Coimisiún a dhéanamh de bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 chun caiteachas nach ndéantar difear dó a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas i gcomhréir le rialacha an Aontais.

#### *Airteagal 3*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
*Comhalta den Choimisiún*

## Imríteach chuntais na nGníomhaireachtaí Íocaíochta

## Bliain airgeadais 2022 - CERT

## An méid atá le haisghabháil ón mBallstát nó atá le híoc leis

MS		2022 – Caiteachas/Ioncam Sannta le haghaidh na nGníomhaireachtaí Íocaíochta a bhfuil na cuntais ina leith		Iomlán a + b	Laghduithe agus fionraíochtaí le haghaidh na bliana airgeadais ina hiomláine 1)	An méid atá le gearradh de réir Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) 1306/2013	Iomlán lena n-áirítear laghduithe agus fionraí	Íocaíochtaí a dhéantar leis an mBallstát le haghaidh na bliana airgeadais	An méid atá le haisghabháil ón mBallstát (-) nó atá le híoc leis (+) 2)
		réitithe	scartha						
		= caiteachas/ioncam sannta a dearbhaíodh sa dearbhú bliantúil	= iomlán an chaiteachais/an ioncain shannta sna dearbhuithe míosúla						
		a	b	c=a+b	d	e	f=c+d+e	g	h=f-g
AT	EUR	711 124 945,28	0,00	711 124 945,28	- 69 142 843,52	0,00	641 982 101,76	641 982 101,76	0,00
BE	EUR	563 469 110,23	0,00	563 469 110,23	- 3 355 470,80	0,00	560 113 639,43	560 304 381,02	- 190 741,59
BG	BGN	0,00	0,00	0,00	0,00	0,00	0,00	0,00	0,00
BG	EUR	817 224 556,93	0,00	817 224 556,93	- 9 999 812,85	0,00	807 224 744,08	807 666 231,95	- 441 487,87
CY	EUR	53 554 003,69	0,00	53 554 003,69	- 292 064,80	0,00	53 261 938,89	53 252 507,36	9 431,53
CZ	CZK	0,00	0,00	0,00	0,00	- 60 832,27	- 60 832,27	0,00	- 60 832,27
CZ	EUR	869 951 444,06	0,00	869 951 444,06	- 13 409 662,73	0,00	856 541 781,33	856 541 781,08	0,25
DE	EUR	4 785 423 691,21	0,00	4 785 423 691,21	- 2 061 589,16	- 254 798,01	4 783 107 304,04	4 783 372 432,35	- 265 128,31
DK	DKK	0,00	0,00	0,00	0,00	- 1 191,47	- 1 191,47	0,00	- 1 191,47
DK	EUR	829 480 010,17	0,00	829 480 010,17	- 7 602 930,95	0,00	821 877 079,22	820 222 855,84	1 654 223,38
EE	EUR	193 550 993,08	0,00	193 550 993,08	- 644 142,44	0,00	192 906 850,64	192 822 050,67	84 799,97
ES	EUR	5 666 189 224,46	0,00	5 666 189 224,46	- 18 819 069,18	- 981 775,27	5 646 388 380,01	5 649 483 252,09	- 3 094 872,08
FI	EUR	532 007 917,30	0,00	532 007 917,30	- 5 541 621,71	- 36 310,08	526 429 985,51	526 444 909,04	- 14 923,53
FR	EUR	7 473 864 122,77	0,00	7 473 864 122,77	- 89 296 720,07	- 15 710 912,61	7 368 856 490,09	7 385 172 632,53	- 16 316 142,44
EL	EUR	2 005 280 173,71	0,00	2 005 280 173,71	- 41 991 902,42	- 767 853,27	1 962 520 418,02	1 963 352 174,10	- 831 756,08
HR	HRK	0,00	0,00	0,00	0,00	- 501 432,22	- 501 432,22	0,00	- 501 432,22

HR	EUR	381 911 249,22	0,00	381 911 249,22	- 1 154 543,99	0,00	380 756 705,23	381 161 087,48	- 404 382,25
HU	HUF	0,00	0,00	0,00	0,00	- 27 341 782,00	- 27 341 782,00	0,00	- 27 341 782,00
HU	EUR	1 330 221 833,99	0,00	1 330 221 833,99	- 6 915 926,40	0,00	1 323 305 907,59	1 323 305 907,59	0,00
IE	EUR	1 198 385 813,17	0,00	1 198 385 813,17	- 2 145 652,57	- 5 171,71	1 196 234 988,89	1 193 847 604,02	2 387 384,87
IT	EUR	4 174 468 850,41	0,00	4 174 468 850,41	123 024 548,00	- 2 638 256,04	4 294 855 142,37	4 297 018 706,30	- 2 163 563,93
LT	EUR	577 952 498,08	0,00	577 952 498,08	319 221,81	- 1 023,01	578 270 696,88	578 271 719,89	- 1 023,01
LU	EUR	33 840 844,26	0,00	33 840 844,26	49 506,44	- 4 555,22	33 885 795,48	33 810 839,19	74 956,29
LV	EUR	318 687 850,75	0,00	318 687 850,75	- 11 497,83	- 316,45	318 676 036,47	318 676 352,92	- 316,45
MT	EUR	5 019 919,40	0,00	5 019 919,40	- 283,11	0,00	5 019 636,29	5 019 636,29	0,00
NL	EUR	705 886 328,90	0,00	705 886 328,90	- 1 102,62	0,00	705 885 226,28	705 869 191,61	16 034,67
PL	PLN	0,00	0,00	0,00	0,00	- 1 267 717,12	- 1 267 717,12	0,00	- 1 267 717,12
PL	EUR	3 403 049 489,21	0,00	3 403 049 489,21	95 710,65	0,00	3 403 145 199,86	3 403 174 261,25	- 29 061,39
PT	EUR	876 061 261,75	0,00	876 061 261,75	- 32 162 068,39	- 238 453,89	843 660 739,47	843 033 925,20	626 814,27
RO	RON	0,00	0,00	0,00	0,00	- 10 768 075,58	- 10 768 075,58	0,00	- 10 768 075,58
RO	EUR	1 949 712 389,54	0,00	1 949 712 389,54	- 92 026 338,46	0,00	1 857 686 051,08	1 856 480 122,17	1 205 928,91
SE	SEK	0,00	0,00	0,00	0,00	- 38 548,93	- 38 548,93	0,00	- 38 548,93
SE	EUR	704 598 300,44	0,00	704 598 300,44	- 33 101 942,66	0,00	671 496 357,78	671 716 657,22	- 220 299,44
SI	EUR	139 976 886,43	0,00	139 976 886,43	- 7 111 401,19	0,00	132 865 485,24	132 865 485,25	- 0,01
SK	EUR	430 357 281,48	0,00	430 357 281,48	- 18 191 798,11	- 5 401,69	412 160 081,68	411 995 979,07	164 102,61

MS		Caiteachas 3)	Ioncam sannta 3)	Airteagal 54(2) (=e)	Iomlán (=h)
		08 02 06 01	6200	6200	
		i	j	k	
AT	EUR	0,00	0,00	0,00	0,00
BE	EUR	0,00	- 190 741,59	0,00	- 190 741,59
BG	BGN	0,00	0,00	0,00	0,00
BG	EUR	0,00	- 441 487,87	0,00	- 441 487,87
CY	EUR	9 431,53	0,00	0,00	9 431,53
CZ	CZK	0,00	0,00	- 60 832,27	- 60 832,27
CZ	EUR	0,25	0,00	0,00	0,25
DE	EUR	0,00	- 10 330,30	- 254 798,01	- 265 128,31
DK	DKK	0,00	0,00	- 1 191,47	- 1 191,47
DK	EUR	1 654 223,38	0,00	0,00	1 654 223,38
EE	EUR	84 799,97	0,00	0,00	84 799,97
ES	EUR	0,00	- 2 113 096,81	- 981 775,27	- 3 094 872,08
FI	EUR	112 829,88	- 91 443,33	- 36 310,08	- 14 923,53
FR	EUR	0,00	- 605 229,83	- 15 710 912,61	- 16 316 142,44
EL	EUR	0,00	- 63 902,81	- 767 853,27	- 831 756,08
HR	HRK	0,00	0,00	- 501 432,22	- 501 432,22
HR	EUR	0,00	- 404 382,25	0,00	- 404 382,25
HU	HUF	0,00	0,00	- 27 341 782,00	- 27 341 782,00
HU	EUR	0,00	0,00	0,00	0,00
IE	EUR	2 417 792,76	- 25 236,18	- 5 171,71	2 387 384,87
IT	EUR	1 390 225,25	- 915 533,14	- 2 638 256,04	- 2 163 563,93
LT	EUR	0,00	0,00	- 1 023,01	- 1 023,01
LU	EUR	79 511,51	0,00	- 4 555,22	74 956,29
LV	EUR	0,00	0,00	- 316,45	- 316,45
MT	EUR	0,00	0,00	0,00	0,00
NL	EUR	16 034,67	0,00	0,00	16 034,67
PL	PLN	0,00	0,00	- 1 267 717,12	- 1 267 717,12
PL	EUR	0,00	- 29 061,39	0,00	- 29 061,39
PT	EUR	865 268,16	0,00	- 238 453,89	626 814,27
RO	RON	0,00	0,00	- 10 768 075,58	- 10 768 075,58
RO	EUR	1 673 638,52	- 467 709,61	0,00	1 205 928,91
SE	SEK	0,00	0,00	- 38 548,93	- 38 548,93
SE	EUR	0,00	- 220 299,44	0,00	- 220 299,44
SI	EUR	0,00	- 0,01	0,00	- 0,01
SK	EUR	207 271,53	- 37 767,23	- 5 401,69	164 102,61



- 1) Is éard atá sna laghduithe agus sna fionraithe na cinn a chuirtear san áireamh sa chóras íocaíochta, lena gcuirtear na ceartúcháin go háirithe i dtaobh sprioc-amanna íocaíochta nach n-urramaítear agus laghduithe eile i gcomhthéacs Airteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.
- 2) Maidir leis an méid atá le haisghabháil ón mBallstát nó atá le híoc leis a ríomh, is éard atá sa mhéid a chuirtear san áireamh iomlán an dearbhaithe bhliantúil le haghaidh an chaiteachais imréitithe (col. a) nó, iomlán na ndearbhuithe míosúla le haghaidh an chaiteachais scartha (col. b). Ráta malairte infheidhme: Airteagal 11(1), an chéad fhomhír, an dara habairt de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún.
- 3) Roinnfear BL 08 02 06 01 idir na ceartúcháin dhiúltacha a bheidh ina n-ioncam sannta in BL 62 00 agus na ceartúcháin dhearfacha i bhfabhar BS a áireofar anois ar thaobh an chaiteachais 08 02 06 01 de réir Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

NB: Ainmníocht 2023: 08 02 06 01, 6200.

---

## IARSCRÍBHINN II

## Imréiteach chuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta

## Bliain airgeadais 2022 - CERT

## Ceartúcháin de réir Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (\*)

Ballstát	Airgeadra	San Airgeadra náisiúnta	In Euro
AT	EUR		
BE	EUR		
BG	BGN		
CY	EUR	-	19 409,26
CZ	CZK	182 675,76	-
DE	EUR		
DK	DKK		
EE	EUR	-	-
ES	EUR		
FI	EUR		
FR	EUR		
EL	EUR		
HR	HRK		
HU	HUF	-	-
IE	EUR		
IT	EUR		
LT	EUR	-	934,53
LU	EUR		
LV	EUR	-	-
MT	EUR	-	-
NL	EUR		
PL	PLN	81 714,61	-
PT	EUR		
RO	RON		
SE	SEK		
SI	EUR	-	-
SK	EUR	-	-

(\*) Méideanna atá le gearradh ar na Ballstáit mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an Ionstraim Shealadach le haghaidh Forbairt Tuaithe (ISFT) arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) (Rialachán (CE) Uimh. 27/2004 ón gCoimisiún an 5 Eanáir 2004 lena leagtar síos forálacha mionsonraithe idirthréimhseacha le haghaidh chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ón gComhairle maidir le maoiniú arna dhéanamh ag an Rannóg Ráthaíochta CETRT ar bhearta forbartha tuaithe i bPoblacht na Seice, an Eastóin, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Pholainn, an tSlóivéin agus an tSlóvaic (IO L 5, 9.1.2004, lch. 36))

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1038 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 24 Bealtaine 2023**

**maidir le himréiteach chuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) le haghaidh na bliana airgeadais 2022**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 3275)*

**(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)**

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 104 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 51 de, i gcomhar le hAirteagail 131 agus 138 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta,

De bharr an mhéid a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 104(1), an dara fómhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2116 go leanfaidh Airteagal 4(1), pointe (b), Airteagal 5, Airteagal 7(3), Airteagail 9, 17, 21 agus 34, Airteagal 35(4), Airteagail 36, 37, 38, 40 go 43, 51, 52, 54, 56, 59, 63, 64, 67, 68, 70 go 75, 77, 91 go 97, 99 agus 100, Airteagal 102(2) agus Airteagail 110 agus 111 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 d'fheidhm a bheith acu, a mhéid a bhaineann leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), maidir le caiteachas arna thabhtú ag na tairbhíthe agus íocaíochtaí arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú chur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup> le haghaidh na bliana airgeadais 2022.
- (2) Foráiltear le hAirteagal 64, an dara mír, pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup> go leanfaidh Airteagal 2, Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, Airteagal 3(2), Airteagal 4(1), pointe (b), Airteagail 5, 6, 7, Airteagail 21 go 25, Airteagail 27, 29, Airteagal 30(1), pointí (a), (b) agus (c), Airteagail 30(2), (3) agus (4), Airteagail 31 go 40 agus Airteagail 42 go 47 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ón gCoimisiún <sup>(5)</sup> d'fheidhm a bheith acu, a mhéid a bhaineann le CETFT, i ndáil le caiteachas arna thabhtú ag na tairbhíthe agus le híocaíochtaí arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú chur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 le haghaidh na bliana airgeadais 2022.

<sup>(1)</sup> IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.

<sup>(2)</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 20, 31.1.2022, lch. 131).

<sup>(5)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, rialacha maidir le seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 255, 28.8.2014, lch. 59).

- (3) Foráiltear le hAirteagal 64, an dara mír, pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 go leanfaidh Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 d'fheidhm a bheith acu chun críocha Airteagal 32, pointí (f) agus (g), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 le haghaidh na bliana airgeadais 2022.
- (4) Foráiltear le hAirteagal 40, an dara mír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/127 ón gCoimisiún <sup>(6)</sup> go leanfaidh Airteagail 5, Airteagal 5a, Airteagail 7(3) agus (4), Airteagal 10, Airteagal 11(1), an dara fo-mhír, Airteagal 11(2), Airteagal 12, Airteagal 13 agus Airteagail 41(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup> d'fheidhm a bheith acu, a mhéid a bhaineann le CETFT, i ndáil le caiteachas arna thabhuú ag na tairbhíthe agus le híocaíochtaí arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta faoi chuimsiú chur chun feidhme na gclár forbartha tuaithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 le haghaidh na bliana airgeadais 2022.
- (5) De bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ní mór don Choimisiún, ar bhonn na gcuntas bliantúil a chuireann an Ríocht Aontaithe faoina bhráid, mar aon leis an bhfaisnéis is gá chun na cuntais a imríteach agus tuairim iniúchóireachta maidir le hiomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas agus na dtuarascálacha a leagann na comhlachtaí deimhniúcháin síos, ní mór dó cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin a imríteach roimh an 31 Bealtaine den bhliain tar éis na bliana airgeadais i gceist.
- (6) I gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2021/2116, cuirtear tús leis an mbliain airgeadais ar an 16 Deireadh Fómhair de bhliain N-1 agus tagann deireadh léi an 15 Deireadh Fómhair de bhliain N. Agus cuntais á n-imríteach le haghaidh na bliana airgeadais 2022, chun an tréimhse thagartha le haghaidh chaiteachas CETFT a ailíniú le caiteachas an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), ba cheart caiteachas a thabhaigh an Ríocht Aontaithe idir an 16 Deireadh Fómhair 2021 agus an 15 Deireadh Fómhair 2022 a chur san áireamh, mar a fhoráiltear in Airteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2022/128.
- (7) Le hAirteagal 33(2), an dara fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, foráiltear go bhfuil na méideanna atá in-aisghabhála ón Ríocht Aontaithe nó iníochta leis an Ríocht Aontaithe, i gcomhréir leis an gcinneadh maidir le himríteach cuntas dá dtagraítear in Airteagal 33(1) den Rialachán sin, go bhfuil siad le leagan síos trí na híocaíochtaí idirmheánacha le haghaidh na bliana airgeadais lena mbaineann a asbhaint ón gcaiteachas a aithnítear le haghaidh na bliana sin i gcomhréir le hAirteagal 33(1). Tá an Coimisiún leis an méid sin a asbhaint ón gcéad íocaíocht idirmheánach eile nó an méid sin a chur léi.
- (8) Sheiceáil an Coimisiún an fhaisnéis a chuir an Ríocht Aontaithe faoina bhráid agus chuir sé torthaí na seiceálacha in iúl don Ríocht Aontaithe, mar aon leis na leasuithe atá molta aige.
- (9) Maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe, 'Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs' [An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe], 'The Scottish Government Rural Payments and Inspections Directorate' [Stiúrthóireacht Rialtas na hAlban um Íocaíochtaí agus Iniúchóireachtaí Tuaithe], 'Welsh Government' [Rialtas na Breataine Bige] agus 'Rural Payments Agency' [An Ghníomhaireacht um Íocaíochtaí Tuaithe], cuireann na cuntais bhliantúla agus na doiciméid tionlacain ar a chumas don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le hiomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas bliantúil a chuirtear faoina bhráid.
- (10) Le hAirteagal 36(3), an chéad fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, déantar foráil go bhfuil íocaíochtaí idirmheánacha le déanamh gan ranníocaíocht iomlán réamhshocraithe CETFT a sháru. De bhun Airteagal 23(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, i gcás ina bhfuil méid iomlán na ndearbhuithe caiteachais níos mó ná an ranníocaíocht iomlán réamhshocraithe le haghaidh clár forbartha tuaithe, ní mór uasteorainn den mhéid réamhshocraithe a chur leis an méid atá le híoc, gan dochar don uasteorainn dá bhforáiltear le hAirteagal 34(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. Beidh an méid teoranta faoi réir aisíocaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún níos déanaí tar éis an plean airgeadais leasaithe a ghlacadh nó ag deireadh na clárthréimhse.

<sup>(6)</sup> Rialachán Tarmilgthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imríteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95).

<sup>(7)</sup> Rialachán Tarmilgthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imríteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 255, 28.8.2014, lch. 18).

- (11) I gcomhréir le hAirteagal 75(1), an ceathrú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, tá feidhm ag na rialacha maidir le sprioc-amanna íocaíochta le haghaidh bearta faoin bhforbairt tuaithe i gcomhthéacs an chórais riaracháin agus rialaithe chomhtháite ón mbliain éilimh 2019 ar aghaidh. Leis na lagduithe le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 5a de Rialachán Tarmilgthe (AE) Uimh. 907/2014, leantar an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 40 agus 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus tá siad le cur san áireamh sa Chinneadh seo le haghaidh na bliana airgeadais 2022. Féadfar scrúdú a dhéanamh ar na lagduithe sin, i gcás inarb iomchuí, faoi imeachtaí imréitigh comhréireachta de bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.
- (12) De bhun Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ní sháróidh comhiomlán na n-íocaíochtaí réamh-mhaoinithe agus eastramhacha 95 % de ranníocaíocht CETFT le gach clár forbartha tuaithe. Tá an tairseach sin bainte amach ag na cláir seo a leanas: 2014UK06RDRP001 agus 2014UK06RDRP003. Socrófar iarmhéid na gclár sin ag deireadh na clárthréimhse.
- (13) De bhun Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ba cheart don Ríocht Aontaithe íoc as 50 % de na hiarmhairtí airgeadais a eascraíonn as neamh-aisghabháil neamhrialtachtaí, mura n-aisghabhtar iad laistigh de 4 bliana ó dháta na hiarrata ar aisghabháil, nó laistigh de 8 mbliana i gcás ina dtugtar an aisghabháil os comhair na gcúirteanna náisiúnta. Le hAirteagal 54(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ceanglaítear ar an Ríocht Aontaithe tábla a chur i gceangal leis na cuntais bhliantúla nach mór di a chur faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagal 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, ar tábla deimhnithe é lena léirítear na méideanna atá le híoc ag an Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. Na rialacha maidir le cur i bhfeidhm oibleagáid na Ríochta Aontaithe chun na méideanna atá le haisghabháil a thuairisciú, leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 iad. Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, leagtar amach an tsamhail den tábla nach mór don Ríocht Aontaithe a úsáid chun faisnéis a sholáthar faoi na méideanna atá le haisghabháil. Ar bhonn na dtáblaí a líonann an Ríocht Aontaithe isteach, ba cheart don Choimisiún na hiarmhairtí airgeadais a eascraíonn as neamh-aisghabháil neamhrialtachtaí atá níos sine ná 4 nó 8 mbliana faoi seach a chinneadh.
- (14) De bhun Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ar chúiseanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Ríocht Aontaithe a chinneadh gan iarracht a dhéanamh aisghabháil a dhéanamh. Ní féidir cinneadh den sórt sin a dhéanamh ach amháin má tá na costais a tabhaíodh cheana, agus na costais is dócha a thabhfófar, níos mó ná an méid atá le haisghabháil, nó má tá an aisghabháil dodhéanta mar gheall ar dhócmhainneacht an fhéichiúnaí nó na ndaoine a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as an neamhrialtacht, ar dócmhainneacht í a chláraítear agus a aithnítear faoin dlí náisiúnta. Má dhéantar an cinneadh laistigh de 4 bliana ó dháta na hiarrata ar aisghabháil, nó laistigh de 8 mbliana i gcás ina dtugtar an aisghabháil os comhair na gcúirteanna náisiúnta, ba cheart 100 % d'iarmhairtí airgeadais an neamh-aisghabhála a íoc as buiséad an Aontais. Na méideanna ar chinn an Ríocht Aontaithe gan iad a aisghabháil agus na forais lena cinneadh, léirítear iad sa tuarascáil achomair dá dtagraítear in Airteagal 54(4) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, níor cheart na méideanna sin a ghearradh ar an Ríocht Aontaithe agus mar gheall air sin, tá siad le híoc as buiséad an Aontais.
- (15) Ba cheart a chur san áireamh leis an gCinneadh seo freisin na méideanna atá fós le gearradh ar an Ríocht Aontaithe mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 i ndáil leis an gclárthréimhse 2007-2013 le haghaidh CETFT.
- (16) I gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ba cheart don Chinneadh seo a bheith gan dochar do na cinní a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh ina dhiaidh sin chun caiteachas nach ndéantar difear dó a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas i gcomhréir le rialacha an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Imréitítear leis seo cuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe, 'Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs' [An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe], 'The Scottish Government Rural Payments and Inspections Directorate' [Stiúrthóireacht Rialtas na hAlban um Íocaíochtaí agus Iniúcháireachtaí Tuaithe], 'Welsh Government' [Rialtas na Breataine Bige] agus 'Rural Payments Agency' [An Ghníomhaireacht um Íocaíochtaí Tuaithe] a mhéid a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) i leith na bliana airgeadais 2022 agus a bhaineann leis an gclárthréimhse 2014-2020.

Leagtar amach in Iarscríbhinn I na méideanna is in-aisghabhála ón Ríocht Aontaithe, nó is iníoctha leis an Ríocht Aontaithe faoi gach clár forbartha tuaithe de bhun an Chinnidh seo.

*Airteagal 2*

Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo na méideanna atá le gearradh ar an Ríocht Aontaithe, mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a bhaineann leis an gclárthréimhse 2014-2020 agus leis an gclárthréimhse 2007-2013 le haghaidh CETFT.

*Airteagal 3*

Leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo na laghduithe le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí i gcomhréir le hAirteagal 75(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 faoi gach clár forbartha tuaithe.

*Airteagal 4*

Tá an Cinneadh seo gan dochar do chinntí a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo maidir le himréiteach comhréireachta, ar cinní iad a bhféadfadh an Coimisiún a dhéanamh de bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 chun caiteachas nach ndéantar difear dó a eisiáimh ó mhaoiniú ón Aontas i gcomhréir le rialacha an Aontais.

*Airteagal 5*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
*Comhalta den Choimisiún*

\_\_\_\_\_

## Caiteachas imréitithe CETFT arna dhéanamh leis an gclár Forbartha Tuaithe le haghaidh na bliana airgeadais 2022

Méid atá le haisghabháil ón Ríocht Aontaithe in aghaidh an chláir nó an méid atá le híoc léi

Cláir fhorbairte ag a bhfuil caiteachas dearbhaithe le haghaidh CETFT 2014-2020

CCI	Caiteachas 2022	Ceartúcháin	Iomlán	Méideanna neamh-inathúsáidte	Méid glactha glanta le haghaidh na bliana airgeadais 2022	Íocaíochtaí eatramhacha a aisíocadh leis an Ríocht Aontaithe le haghaidh na bliana airgeadais lena n-áirítear imréiteach réamh-mhaoiniúcháin*	In Euro	In Euro	
							An méid atá le haisghabháil ón Ríocht Aontaithe (-) nó atá le híoc léi (+)	An t-iarmhéid atá le socrú ag tráth dúnta na clárthréimhse i ngeall ar an tairseach 95 % a sroicheadh (*)	
	i	ii	iii = i + ii	iv	v = iii - iv	vi	vii = v - vi		
UK	2014UK06RDRP001	320 428 023,31	0,00	320 428 023,31	0,00	320 428 023,31	272 787 068,76	- 13 178,79	47 654 133,34
UK	2014UK06RDRP002	27 737 698,19	- 33 192,33	27 704 505,86	0,00	27 704 505,86	27 703 772,21	733,65	0,00
UK	2014UK06RDRP003	43 945 611,42	- 441 226,49	43 504 384,93	0,00	43 504 384,93	29 598 163,53	- 597 933,18	14 504 154,58
UK	2014UK06RDRP004	83 079 581,60	- 178 527,42	82 901 054,18	0,00	82 901 054,18	82 901 627,10	- 572,92	0,00

(\*) I gcás inar shroich íocaíochtaí 95 % de ranniocaíocht iomlán CETFT le haghaidh clár forbartha tuaithe — Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, socrófar an t-iarmhéid le linn dhúnadh an chláir.

## Imréiteach chuntais na nGníomhaireachtaí Íocaíochta

Bliain airgeadais 2022 – CETFT

## Ceartúcháin de réir Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013

		Ceartúcháin a bhaineann leis an gClárthréimhse 2014-2020		Ceartúcháin a bhaineann leis an gClárthréimhse 2007-2013	
Airgeadra		San Airgeadra náisiúnta	In Euro	San Airgeadra náisiúnta	In Euro
UK	GBP	3 841,34	0,00	17 115,42	0,00



## IARSCRÍBHINN III

## Imréiteach chuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta

## Bliain airgeadais 2022 – CETFT

Laghduithe le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí i gcomhréir le hAirteagal 75(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013

In Euro		
	CCI	Laghduithe le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí le haghaidh FY2022
UK	2014UK06RDRP001	434 188,85
UK	2014UK06RDRP002	0,00
UK	2014UK06RDRP003	0,00
UK	2014UK06RDRP004	0,00

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1039 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Bealtaine 2023

**maidir le himréiteach chuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe maidir le fiacha a eascraíonn ó chaiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) faoin gclárthréimhse 2014-202 agus faoin gclárthréimhse 2007-2013 le haghaidh na bliana airgeadais 2022**

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023) 3272)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 104 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 51 de, i gcomhar le hAirteagail 131 agus 138 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('Comhaontú um Tharraingt Siar'),

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta,

De bharr an mhéid a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 104(1), an dara fómhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2116 go leanfaidh Airteagal 4(1), pointe (b), Airteagal 5, Airteagal 7(3), Airteagail 9, 17, 21 agus 34, Airteagal 35(4), Airteagail 36, 37, 38, 40 go 43, 51, 52, 54, 56, 59, 63, 64, 67, 68, 70 go 75, 77, 91 go 97, 99 agus 100, Airteagal 102(2) agus Airteagail 110 agus 111 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 d'fheidhm a bheith acu, a mhéid a bhaineann le fiacha a eascraíonn as caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) faoin gclárthréimhse 2014-2020 agus faoin gclárthréimhse 2007-2013 le haghaidh na bliana airgeadais 2022.
- (2) Foráiltear le hAirteagal 64, an dara mír, pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> go leanfaidh Airteagal 2, Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, Airteagal 3(2), Airteagal 4(1), pointe (b), Airteagail 5, 6, 7, Airteagail 21 go 25, Airteagail 27, 29, Airteagal 30(1), pointí (a), (b) agus (c), Airteagail 30(2), (3) agus (4), Airteagail 31 go 40 agus Airteagail 42 go 47 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>, d'fheidhm a bheith acu, a mhéid a bhaineann le fiacha a eascraíonn as caiteachas arna mhaoiniú le (CERT) faoin gclárthréimhse 2014-2020 agus faoin gclárthréimhse 2007-2013 le haghaidh na bliana airgeadais 2022.

<sup>(1)</sup> IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.

<sup>(2)</sup> IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 20, 31.1.2022, lch. 131).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, rialacha maidir le seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 255, 28.8.2014, lch. 59).

- (3) Foráiltear le hAirteagal 64, an dara mír, pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 go leanfaidh Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 d'fheidhm a bheith acu chun críocha Airteagal 32, pointí (f) agus (g), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 le haghaidh na bliana airgeadais 2022.
- (4) De bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ní mór don Choimisiún, ar bhonn na gcuntas bliantúil a chuireann an Ríocht Aontaithe faoina bhráid, mar aon leis an bhfaisnéis is gá chun na cuntais a imréiteach agus tuairim iniúchóireachta maidir le hiomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas agus na dtuarascálacha a leagann na comhlachtaí deimhniúcháin síos, ní mór dó cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin a imréiteach roimh an 31 Bealtaine den bhliain tar éis na bliana airgeadais i gceist.
- (5) De bhun Airteagal 138(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá sé d'oibleagáid ar an Ríocht Aontaithe leanúint d'fheidhmiú an chórais rialaithe agus bainistíochta a áirithiú chun fiacha a aithint, a chlárú agus a aisghabháil, ar fiacha iad a easraíonn ó chaiteachas arna mhaoiniú le CERT faoin gclárthréimhse 2014-2020 agus faoin gclárthréimhse 2007-2013, i gcomhréir le hAirteagal 54 le hAirteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.
- (6) I gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2021/2116, cuirtear tús leis an mbliain airgeadais ar an 16 Deireadh Fómhair den bhliain N-1 agus tagann deireadh léi an 15 Deireadh Fómhair den bhliain N. Agus cuntais á n-imréiteach le haghaidh na bliana airgeadais 2022, ba cheart aithint, clárú agus aisghabháil fiach a rinne an Ríocht Aontaithe idir an 16 Deireadh Fómhair 2021 agus an 15 Deireadh Fómhair 2022 a chur san áireamh, mar a fhoráiltear in Airteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128.
- (7) Sheiceáil an Coimisiún an fhaisnéis a chuir an Ríocht Aontaithe faoina bhráid agus chuir sé torthaí na seiceálacha in iúl don Ríocht Aontaithe, mar aon leis na leasuithe atá molta aige.
- (8) Maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe, 'Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs' [An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe], 'The Scottish Government Rural Payments and Inspections Directorate' [Stiúrthóireacht Rialtas na hAlban um Íocaíochtaí agus Iniúchóireachtaí Tuaithe], 'Welsh Government' [Rialtas na Breataine Bige] agus 'Rural Payments Agency' [An Ghníomhaireacht um Íocaíochtaí Tuaithe], cuireann na cuntais bhliantúla agus na doiciméid tionlacain ar a chumas don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le hiomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas bliantúil a chuirtear faoina bhráid.
- (9) De bhun Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ba cheart don Ríocht Aontaithe íoc as 50 % de na hiarmhairtí airgeadais a easraíonn as neamh-aisghabháil neamhrialtachtaí, mura n-aisghabhtar iad laistigh de 4 bliana ó dháta na hiarrata ar aisghabháil, nó laistigh de 8 mbliana i gcás ina dtugtar an aisghabháil os comhair na gcúirteanna náisiúnta. Le hAirteagal 54(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ceanglaítear ar an Ríocht Aontaithe tábla a chur i gceangal leis na cuntais bhliantúla nach mór di a chur faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagal 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, ar tábla deimhnithe é lena léirítear na méideanna atá le hóc ag an Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. Rialacha maidir le cur i bhfeidhm oibleagáid na Ríochta Aontaithe chun na méideanna atá le haisghabháil a thuairisciú, leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 iad. Le Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, leagtar amach an tsamhail den tábla nach mór don Ríocht Aontaithe a úsáid chun faisnéis a sholáthar faoi na méideanna atá le haisghabháil. Ar bhonn na dtáblaí a líonann an Ríocht Aontaithe isteach, ba cheart don Choimisiún na hiarmhairtí airgeadais a easraíonn as neamh-aisghabháil neamhrialtachtaí atá níos sine ná 4 nó 8 mbliana faoi seach a chinneadh.
- (10) De bhun Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ar chúiseanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh an Ríocht Aontaithe a chinneadh gan iarracht a dhéanamh aisghabháil a dhéanamh. Ní féidir cinneadh den sórt sin a dhéanamh ach amháin má tá na costais a tabhaíodh cheana, nó na costais is dócha a thabhófar, níos mó ná an méid atá le haisghabháil, nó má tá an aisghabháil dodhéanta mar gheall ar dhócmhainneacht an fhéichiúnaí nó na ndaoine a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as an neamhrialtacht, ar dócmhainneacht í a chláraítear agus a aithnítear faoin dlí náisiúnta. Má dhéantar an cinneadh laistigh de 4 bliana ó dháta na hiarrata ar aisghabháil, nó laistigh de 8 mbliana i gcás ina dtugtar an aisghabháil os comhair na gcúirteanna náisiúnta, ba cheart 100 % d'iarmhairtí airgeadais an neamh-aisghabhála a íoc as buiséad an Aontais. Na méideanna ar chinn an Ríocht Aontaithe gan iad a aisghabháil agus na forais leis an gcinneadh, léirítear iad sa tuarascáil achomair dá dtagraítear in Airteagal 54(4) den Rialachán sin i gcomhar le hAirteagal 102(1), an chéad fhomhír, pointe (c)(iv) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, níor cheart na méideanna sin a ghearradh ar an Ríocht Aontaithe agus mar gheall air sin, íoctar as buiséad an Aontais iad.
- (11) I gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ba cheart don Chinneadh seo a bheith gan dochar do na cinntí a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh ina dhiaidh sin chun caiteachas nach ndéantar difear dó a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas i gcomhréir le rialacha an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Imréitítear leis seo cuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na Ríochta Aontaithe, 'Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs' [An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe], 'The Scottish Government Rural Payments and Inspections Directorate' [Stiúrthóireacht Rialtas na hAlban um Íocaíochtaí agus Iniúchóireachtaí Tuaithe], 'Welsh Government' [Rialtas na Breataine Bige] agus 'Rural Payments Agency' [An Ghníomhaireacht um Íocaíochtaí Tuaithe] a mhéid a bhaineann le fiacha a eascraíonn as caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2014-2020 agus peirspictíochtaí airgeadais a bhí ann roimhe sin, i gcomhréir le hAirteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 le haghaidh na bliana airgeadais 2022.

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na méideanna atá in-aisghabhála ón Ríocht Aontaithe nó atá iníoctha léi, lena n-áirítear méideanna a easraíonn ó chur i bhfeidhm Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

*Airteagal 2*

Tá an Cinneadh seo gan dochar do chinntí a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo maidir le himréiteach comhréireachta, ar cinnntí iad a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh de bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 chun caiteachas nach ndéantar difear dó a eisiáimh ó mhaoiniú ón Aontas i gcomhréir le rialacha an Aontais.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
*Comhalta den Choimisiún*

## Imríteach chuntais na nGníomhaireachtaí Íocaíochta

Bliain airgeadais 2022 - CERT

An méid atá le haisghabháil ón Ríocht Aontaithe nó atá le híoc léi

		2022 – Caiteachas/Ioncam Sannta le haghaidh na ngníomhaireachtaí íocaíochta a bhfuil na cuntais ina leith		Iomlán a + b	An méid atá le gearradh de réir Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir le CERT	Iomlán	An méid atá le haisghabháil ón Ríocht Aontaithe (-) nó atá le híoc léi (+) <sup>(1)</sup>
		réitithe	scartha				
		= caiteachas/ioncam sannta a dearbhaíodh sa dearbhú bliantúil	= iomlán an chaiteachais/an ioncaim shannta sna dearbhuithe míosúla				
		a	b	c=a+b	d	e=c+d	f=e
UK	GBP	0,00	0,00	0,00	- 19 336,80	- 19 336,80	- 19 336,80
UK	EUR	- 1 474 812,20	0,00	- 1 474 812,20	0,00	- 1 474 812,20	- 1 474 812,20

<sup>(1)</sup> Maidir leis an méid atá le haisghabháil ón Ríocht Aontaithe nó atá le híoc léi a ríomh, is éard atá sa mhéid a chuirtear san áireamh iomlán an dearbhaithe bhliantúil le haghaidh an chaiteachais imrítithe (col. a) nó, iomlán na ndearbhuithe míosúla le haghaidh an chaiteachais deighilte (col. b). Ráta malairte infheidhme: Airteagal 11(1), an chéad fhomhír, an dara habairt de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún.

		Caiteachas <sup>(1)</sup>	Ioncam sannta <sup>(1)</sup>	Airteagal 54(2) (=d)	Iomlán (=f)
		0802 06 01	6200	6200	
		g	h	i	
UK	GBP	0,00	0,00	- 19 336,80	- 19 336,80
UK	EUR	0,00	- 1 474 812,20	0,00	- 1 474 812,20

<sup>(1)</sup> Roinnfear BL 08 02 06 01 idir na ceartúcháin dhiúltacha a bheidh ina n-ioncam sannta in BL 62 00 agus na ceartúcháin dhearfacha i bhfabhar na Ríochta Aontaithe a áireofar anois ar thaobh an chaiteachais 08 02 06 01 de réir Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

NB: Ainmníocht 2023 : 0802 06 01, 6200.



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)